

# Tábla na Gníomhartha Tuarascálacha Bliantúla do 2011 & 2012

Leanaí	
Gníomh an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta	Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn, 2011 /2012
<p>Rinne an clár Cúram agus Oideachas Luath-Óige (COLO) soláthar le haghaidh clár bliantúil luathfhoghlama do leanaí sa bhliain roimh bhunscoil agus chosain sé €153.5m in 2010</p> <p>Cuireann clár an Fhóirdheontais um Chúram Leanaí sa Phobal (FCLP) maoiniú ar fáil do sheirbhísí cúram leanaí sa phobal, le cur ar a gcumas táillí laghdaithe cúram leanaí a ghearradh ar thuismitheoirí atá faoi mhíbhuntáiste, agus ag obair agus iad ar bheagán ioncaim.</p> <p>Cuireann an clár Fostaíochta Cúram Leanaí agus Tacaíochta Oiliúna (FCLTO) spásanna cúram leanaí saor in aisce ar fáil do thuismitheoirí cáilitheacha a fhreastalaíonn ar chúrsaí de chuid FÁS agus CGanna.</p>	<p>Cuireann clár an Fhóirdheontais um Chúram Leanaí sa Phobal (FCLP) maoiniú ar fáil do sheirbhísí cúram leanaí sa phobal, le cur ar a gcumas táillí laghdaithe cúram leanaí a ghearradh ar thuismitheoirí atá faoi mhíbhuntáiste, agus ag obair agus iad ar bheagán ioncaim.</p> <p>Cuireann an clár Fostaíochta Cúram Leanaí agus Tacaíochta Oiliúna (FCLTO) spásanna cúram leanaí saor in aisce ar fáil do thuismitheoirí cáilitheacha a fhreastalaíonn ar chúrsaí de chuid FÁS agus CGanna. Cuireadh breis is €60 milliún ar fáil in 2011 agus 2012 le tacú leis na cláir FCLP agus FCLTO.</p> <p>Rud eile a fógraíodh i mBuiséad 2012 ná comhthionscnamh nua Cúram Leanaí larscoile idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) agus an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS), rud a bheidh dírithe ar chliaint an RCS, le cur ar a gcumas leas a bhaint as deiseanna fostaíochta, agus cuirfidh sé seo breis is 6,000 spás iarscoile ar ardchaighdeán ar fáil do leanaí atá ag freastal ar bhunscoil.</p>
<p>Aithníonn an Plean Forbartha Lucht Saothair le haghaidh Cúram agus Oideachas Luath-Óige (COLÓ) an cineál lucht saothair a bhfuil gá leis le tacú le forbairt seirbhís COLÓ ar ardchaighdeán, agus leis na príomhdhúshláin a bhaineann le baint amach na spriocanna seo.</p> <p>(Bhí an plean seo foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna)</p>	<p>Déanann an clár Cúram agus Oideachas Luath-Óige (COLO) soláthar le haghaidh clár bliantúil luathfhoghlama do leanaí sa bhliain roimh bhunscoil agus chosain sé €163 milliún in 2011, agus tá €176m á chur ar fáil don scoilbhliain atá le tosú i Meán Fómhair 2012.</p>
<p>Tacóidh an RLGÓ le hobair Chomhairle Dháil na nÓg, rud a chuimsíonn 34 duine óg a toghadh ó gach craobh de Chomhairle na nÓg sa tír.</p>	<p>Seoladh Tuarascáil Shuirbhé Dháil na nÓg ar Íomhá Choirp in 2012. Ba iad na príomh-mholtaí a rinne Dáil na nÓg in 2011 ná an gá atá le tionchar níos mó a thabhairt do dhaoine óga faoi 18 mbliana i gcinnteoireacht a théann i bhfeidhm ar a n-aoisghrúpa san Oireachtas (An Dáil agus an Seanad) agus in obair na n-údarás áitiúil. Rinne Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg cur i láthair don Chomhchoiste um Shláinte agus Leanaí agus don Chomhchoiste um Oideachas agus Coimirce Shóisialach i Nollaig 2012. Chuir a gcur i láthair síos ar an obair atá ar siúl ag Comhairle na nÓg ar fud na tíre, le béim ar leith ar mheabhairshláinte agus sláinte chollaí, rudaí arb iad na hábhair roghnaithe atá ag cuid mhaith de Chomhairle na nÓg. Déanfaidh Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg cur i láthair do chomhaltaí dhá Theach an Oireachtais ag tús 2013 ar obair Chomhairle na nÓg agus ar an deis atá ann naisc a fheabhsú idir na Tithe sin agus Comhairle na nÓg go náisiúnta agus go háitiúil.</p>
<p>Forbróidh an RLGÓ treoir ar leanaí agus daoine óga nach gcloistear go minic a chur san áireamh sna struchtúir rannpháirtíochta agus sa pholasaí náisiúnta ar rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht (2012-2017).</p>	<p>Tar éis don taighde ar rannpháirtíocht daoine óga nach gcloistear go minic a bheith faighte, forbróidh an RLGÓ treoir in 2013 ar leanaí agus daoine óga nach gcloistear go minic a chur san áireamh sna struchtúir rannpháirtíochta. Beidh sé seo mar chuid d'fhorbairt níos leithne a dhéanfar ar pholasaí náisiúnta ar leanaí agus ar rannpháirtíocht daoine óga sa chinnteoireacht. Bunaíodh Grúpa Téamach ar fhorbairt polasaí náisiúnta ar rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht i bhFeabhra 2011, rud a chuimsíonn ionadaithe ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, lucht taighde agus príomhpháirtithe leasmhara eile. Cuirfidh a obair siúd leis an gCreat Polasaí Náisiúnta um Leanaí agus Daoine Óga (2013-2017).</p>
<p>Tacóidh an RLGÓ le forbairt gníomhartha a bhreithneofar chun an cleachtas atá ann le héisteacht le leanaí faoi chúram a fheabhsú.</p>	<p>Cruthaíodh an Grúpa in 2011. Ag seoladh 'Éistigí lenár nGuthanna': Tuarascáil ar Chomhairliúcháin le Leanaí atá ag Maireachtáil faoi Chúram an Stáit (2011), bhuaill an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige le 50 leanbh agus duine óg a ghlac páirt sna comhairliúcháin agus a bhí i láthair ag an seoladh. Thug sí cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Feidhmithe um Ghuth na Leanaí faoi Chúram. Bunaíodh an Grúpa ag tús 2012 chun moltaí a dhéanamh ar fheabhsú na caoi a n-éistear le leanaí atá faoi chúram. Tá an RLGÓ agus FSS ag obair anois leis na daoine óga chun roinnt gníomhartha tábhachtacha a dhéanamh i bhfianaise na moltaí a rinneadh sa tuarascáil ar na comhairliúcháin.</p>
<p>Tuairisceoidh Oifig an Aire Leanaí don Rialtas in 2012 ar mheasúnú foriomlán shamhlacha an chleachtais is fearr a chuireann pleanáil chomhtháite straitéiseach do sheirbhísí leanaí a bhíonn stiúrtha go háitiúil chun cinn. Cuirfear leis seo trí: i) shamhlacha tástála tionscnamh an RLGÓ le haghaidh seirbhísí agus idirghabháil chomhtháite do leanaí go háitiúil; ii) fhorbairt Coistí Seirbhísí ilghníomhaireachta do Leanaí i ngach aon Bhord Forbartha Cathrach/Contae; iii) na tionscnaimh leanúnacha taighde agus forbartha sonraí atá ar siúl ag nó a fhaigheann tacaíocht ón RLGÓ.</p>	<p>Ag deireadh 2012, bhí an Clár Coisc agus Idirghabhála Luaithe (CCIL) ag druidim le deireadh a thréimhse maoiniúcháin, agus bhí roinnt de na measúnuithe tionscadail tar éis teacht chun cinn, próiseas a leanann ar aghaidh in 2013 agus níos faide anonn. Léirigh an chuid is mó de na measúnuithe seo torthaí dearfacha a bhain leis na tionscadail a bhí á gcur i bhfeidhm. Fógraíodh tionscnamh nua dar teideal "Cur Chuige atá Bunaithe ar Cheantar i leith Bochtaineachta i Measc Leanaí" i mBuiséad 2013, rud a bhfuil €2.5 milliún curtha ar leataobh dó i Meastacháin 2013. Cuirfidh an tionscnamh seo le, agus leanfaidh sé d'obair an Chláir um Chosc agus Idirghabháil Luath (CCIL). Léiríonn an tionscnamh nua gealltanais Chláir an Rialtais cur chuig bochtaineacht i measc leanaí ar bhonn ceantair i gcomhar le comhpháirtithe daonnachtúla, agus úsáid á baint as an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr agus na seirbhísí atá ann cheana, chun an timthriall bochtaineachta i measc leanaí a bhriseadh sna háiteanna is mó ina bhfuil sí mar fhadhb. I gcomhréir leis an ngealltanais seo, oibreoidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i gcomhar le hOifig an Tánaiste agus na Roinne Coimirce Sóisialaí, Pobail agus Oideachais in 2013 chun leathnú a dhéanamh ar líon na suíomhanna tionscadail ó 3 cinn go 6 cinn. Faoi 2015, beidh maoiniú ón Státchiste de thuairim is €4.75 milliún á chur ar fáil don tionscnamh. Féachfaidh an tionscnamh nua le cláir a chur i bhfeidhm atá measúnaithe cheana agus a bhfuil sé cruthaithe go n-éiríonn leo torthaí a fheabhsú do leanaí agus teaghlacha atá i mbaol míbhuntáiste. Tar éis don tionscnamh a bheith fógartha i Nollaig 2012, tá ullmhúcháin tosaithe ag an RLGÓ le haghaidh an tionscnaimh, agus táthar ag súil leis go mbeidh Foireann Tionscadail i bhfeidhm faoi thús 2013, agus go roghnófar suíomhanna breise faoi shamhradh 2013. Faoi dheireadh 2012, bhí Coistí Seirbhísí do Leanaí (CSLanna) bunaithe i 16 chontae agus iad ag céimeanna éagsúla forbartha. Déanfar cur síos mionsonraithe ar fhorbairt na gCoistí seo amach anseo sa Chreat Polasaí ar Leanaí agus Daoine Óga, rud a sheolfar in 2013. Faoi dheireadh 2012, bhí cinneadh déanta i bprionsabal feabhsú a dhéanamh ar na hacmhainní lárnacha atá ar fáil do na coistí seo chun a n-obair idirghníomhaireachta a chur chun cinn go háitiúil.</p>

<p>Leanfaidh an Ciste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga (CÁSDÓ) de chabhú le forbairt áiseanna (áiseanna spóirt agus caithimh aimsire san áireamh) agus seirbhísí óige i gceantair faoi mhíbhuntáiste ina bhfuil fadhb mhór drugaí, nó ina bhféadfadh a leithéid d'fhadhb teacht chun cinn. D'fhéadfaí cumhdach geografach an Chiste a leathnú go ceantair uirbeacha eile atá faoi mhíbhuntáiste. Leanfaidh an CÁSDÓ de dhíriú ar dhaoine óga ó 10 go 21 bliain d'aois atá 'faoi riosca'. Leanfaidh sé de chur le, agus forbairt a dhéanamh ar bhearta óige faoi Chlár na Leanaí sna réimsí ina bhfuil sé ag obair.</p>	<p>Úsáideadh maoiniú €22.75m in 2011 agus €21.33m in 2012 le leanúint de thacú le seirbhísí agus áiseanna sna réimsí tiomanta, amhail leithdháileadh d'fhorbairt Rugbaí, CLG, Spóirt Ghinearálta agus Dornálaíochta. Leithdháileadh tuairim is €70m de mhaoiniú caipitil idir 1998 agus 2012 (na blianta sin san áireamh) ar thionscail chaipitil faoi scéim an CÁSDÓ. Síneadh an Ciste go 4 bhaile nua in 2008 - An tInbhear Mór, Baile Átha Luain, Dún Dealgan agus Loch Garman.</p>
<p>Ag Fás Aníos in Éirinn: an staidéar fadaimseartha náisiúnta ar leanaí in Éirinn: Rianóidh an staidéar mór seo, rud a conraíodh ar dtús le haghaidh na tréimhse ó Aibreán 2006 go deireadh 2012, rianóidh sé na torthaí do leanaí ó thacaí agus polasaithe an Rialtais, tacaíocht phobail agus teaghlaigh, agus beidh sé mar aidhm aige na hathruithe polasaí agus forbairtí breise a bhfuil gá leo chun torthaí feabhsaithe a bhaint amach a aithint. Seolfar tuarascálacha deiridh ó thonnta a haon agus a dó de na Cohóirt Náionán agus Leanaí in 2013 agus 2014. Fuarthas cead in Aibreán 2012 le leanúint ar aghaidh le tríú tonn bailithe sonraí le haghaidh chohóirt na náionán (ag 5 bliana d'aois). Críochnófar obair allamuigh, foilseofar tuarascálacha agus lóistéalfar sonraí le haghaidh an tríú tonn seo faoi dheireadh 2014.</p>	<p>Na dara tonnta d'obair allamuigh chainníochtúil maidir le:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>☐ an cohóirt náionán (ag 3 bliana d'aois), rud a tosaíodh i nDeireadh Fómhair 2010 agus a críochnaíodh i Meán Fómhair 2011; agus</li> <li>☐ an cohóirt leanaí (ag 13 bliana d'aois), rud a tosaíodh in Iúil 2011 agus a críochnaíodh i Márta 2012;</li> </ul> <p>Fuarthas cead in Aibreán 2012 le leanúint ar aghaidh le tríú tonn bailithe sonraí le haghaidh chohóirt na náionán (ag 5 bliana d'aois). Thosaigh an t-ullmhúchán le haghaidh an tríú tonn seo in 2012 agus tá sé beartaithe go dtosófar obair allamuigh in Aibreán 2013 agus go gcríochnófar í in 2014. Seoladh an chéad tuarascáil shubstainteach chainníochtúil darb ainm 'Saol na Leanaí Naoi mBliana d'Aois' i Nollaig 2009 ag an gcéad Chomhdháil Taighde ar Fhás Aníos in Éirinn. In éineacht leis sin, seoladh na trí thuarascáil seo a leanas ina raibh torthaí níos mionsonraithe ó thonn a haon den Chohóirt Leanaí i Samhain 2011, Eanáir 2012 agus Márta 2012 faoi seach;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>☐ 'Fás Aníos in Éirinn - Rómheáchan agus Murtall i measc Leanaí 9 mBliana d'Aois'</li> <li>☐ 'Fás Aníos in Éirinn - Tionchair ar Fhoghlaim Leanaí 9 mBliana d'Aois: Baile, Scoil agus Pobal'</li> <li>☐ 'Fás Aníos in Éirinn - An Tábhacht atá le Teaghlaigh le haghaidh Torthaí Sóisialta agus Mothúchána Leanaí 9 mBliana d'Aois'</li> </ul> <p>Seoladh an dara tuarascáil shubstainteach chainníochtúil darb ainm 'Naíonáin agus a dTeaghlaigh' i Samhain 2010, ag an dara Comhdháil Taighde ar Fhás Aníos in Éirinn. Tá na Comhaid chainníochtúla Mhiceashonraí gan Tréithe Pearsanta (CMTP) ó thonn a haon de na cohóirt náionán agus leanaí tar éis a bheith lóisteáilte i gCartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann (CSESE) le bheith úsáidte ag taighdeoirí bona fide, agus táthar ag súil leis go mbeidh na CMTPanna ó thonn a dó de na Cohóirt náionán agus leanaí lóisteáilte i CSESE faoi dheireadh 2014. Tá na chéad tonnta d'obair allamuigh tar éis a bheith críochnaithe le haghaidh chohóirt na náionán (9 mí d'aois) agus leanaí (3 bliana d'aois) agus is é méid an tsampla a baineadh amach le haghaidh na gcohóirt náionán agus leanaí ná 120 an ceann. Seoladh an chéad tuarascáil shubstainteach cháilíochtúil darb ainm 'Torthaí an Staidéir Cháilíochtúil ar Leanaí 9 mBliana d'Aois agus ar a dTuismitheoirí' i nDeireadh Fómhair 2011. Táthar ag súil leis go seolfar an dara tuarascáil shubstainteach chainníochtúil darb ainm "Tuarascáil torthaí ón staidéar cainníochtúil ar an gcohóirt náionán" in 2013. Foilsíodh sraith doiciméad coincheapúil, teicniúil agus príomhthorthaí chomh maith.</p> <p>Tá an Comhad cáilíochtúil Mhiceashonraí gan Tréithe Pearsanta (CMTP) ó thonn a haon de chohóirt na leanaí tar éis a bheith lóisteáilte i gCartlann Sonraí Cáilíochtúla na hÉireann (CSCÉ) le bheith úsáidte ag taighdeoirí bona fide, agus beidh an CMTP ó thonn a haon den chohóirt na náionán lóisteáilte i CSCÉ in 2013.</p>
<p>An Straitéis Náisiúnta um Thaighde agus Sonraí ar Shaol Leanaí. Foilseofar nuashonrúcháin bhliantúla ar chur i bhfeidhm phlean gníomhaíochta na Straitéise Náisiúnta um Thaighde agus Sonraí ar Shaol Leanaí, 2011-2016, ar shuíomh gréasáin an RLGÓ ag <a href="http://www.dcy.gov.ie">www.dcy.gov.ie</a></p>	<p>D'fhoilsigh an RLGÓ an Straitéis Náisiúnta um Thaighde agus Sonraí ar Shaol Leanaí, 2011-2016, in 2011. Leagann an Straitéis seo amach treoir shoiléir le haghaidh taighde agus sonraí ar leanaí in Éirinn, agus déanann sé cur síos ar réimse riachtanais eolais ar leith maidir le sláinte, oideachas, sábháilteacht, slándáil eacnamaíoch agus rannpháirtíocht shóisialta leanaí. Leagann an Straitéis béim mhór ar úsáid níos fearr a bhaint as na sealúchais sonraí agus acmhainní eile atá ann cheana, agus leagann sí béim go háirithe ar ról sonraí ón staidéar fadaimseartha ar Fhás Aníos in Éirinn maidir le léargas a chur ar fáil le haghaidh polasaí agus soláthar seirbhíse. Déanfar cur i bhfeidhm na Straitéise trína Plean Gníomhaíochta. Dírionn na gníomhartha atá san áireamh sa Phlean seo ar chuid mhaith de na heasnamh eolais a aithníodh, trí thionscnamh ar fud an Rialtais a úsáideann acmhainní 24 eagraíocht, lena n-áirítear Ranna Rialtais agus comhlachtaí reachtúla amhail an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Phríomh-Oifig Staidrimh. Tá freagracht ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige as gníomhartha ar leith sa straitéis, agus tá ról maoirseachta aici chomh maith maidir le tuairisciú ar chur i gcrích foriomlán na nGníomhartha. Tá an chéad tuarascáil nuashonrúcháin le bheith foilsithe ar líne in 2013</p>
<p>Taighde agus Gníomhaíochtaí Eile</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Foilseofar an 4ú Tuarascáil ar Staid Leanaí an Náisiúin in 2013</li> <li>• Bronnfar suas le trí Scoláireacht faoi Chlár Scoláireachtaí an RLGÓ, 2013.</li> <li>• Foilseofar nótaí faisnéise maidir le gach staidéar a chríochnaítear agus iad cómhaoinithe ag an RLÓ/CTÉ/RCPRÁ faoi Thionscnamh Forbartha Taighde</li> </ul>	<p>Ó 2010, tá na nithe seo a leanas déanta ag Aonad Taighde na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Foilsíodh an tríú tuarascáil ar Staid Leanaí an Náisiúin i Nollaig 2010. Tá an Tuarascáil seo á foilsiú chun gealltanais a rinneadh sa Straitéis Náisiúnta Leanaí a chomhlíonadh, agus léiríonn sé seo iarracht idirnáisiúnta chun tomhas agus monatóireacht a dhéanamh ar fholláine leanaí. Déanann an Tuarascáil, rud atá bunaithe ar an tSraith Náisiúnta Táscairí ar Fholláine Leanaí, déanann sí cur síos ar shaol leanaí in Éirinn, rianáinn sé athruithe de réir a chéile agus déanann sí tagarmharcaíl ar dhul chun cinn in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile. Ar na téamaí a cuimsíodh sa tuarascáil, tá torthaí sláinte leanaí, torthaí oideachais, tinreamh scoile agus bochtaineacht leanaí.</li> <li>• Rinneadh cómhaoiniú, in éineacht le Comhairle Taighde na hÉireann (CTÉ) agus an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) ar thrí Scoil Samhraidh ar fhorbairt acmhainne in 2011, agus seacht staidéar taighde breise in 2012, faoin Tionscnamh Forbartha Taighde, rud a bunaíodh in 2010</li> <li>• Maoiníodh 6 staidéar taighde iarchéime nua faoin gClár Náisiúnta Scoláireachtaí Taighde ar Leanaí. Maoiníodh 41 staidéar taighde iarchéime faoin gClár seo ó bunaíodh é in 2001.</li> <li>• Seoladh Sraith Nótaí Faisnéise an RLGÓ. Go dtí seo, foilsíodh 17 nóta faisnéise le haghaidh Cláir Scoláireachta agus 22 nóta faisnéise le haghaidh Cláir Taighde Mhaoinithe faoin tSraith seo</li> <li>• Bunaíodh Meitheal chun treoirínte dea-chleachtais a fhorbairt san athbhreithniú eitiúil ar thaighde ar leanaí ar son an RLGÓ. Foilsíodh agus dáileadh na Treoirínte seo in Aibreán 2012</li> <li>• Seoladh fardal ar líne ar fhoinsí sonraí a chuimsíonn gnéithe éagsúla de shaol leanaí mar shraith achoimrí meiteashonraí inchuardaithe i Lúnasa 2012, agus iad curtha ar fáil i bhfoirm tábla ag <a href="http://www.dcy.gov.ie">www.dcy.gov.ie</a></li> </ul>

<p>Soláthar Foirne Meabhairshláinte Pobail (FMPanna) do leanaí agus ógánaigh faoi chreat <i>Straitéis na Físe le haghaidh Athrú</i>, i bhfoirm FMP amháin in aghaidh 100,000 den daonra faoi 2008, agus dhá FPM in aghaidh 100,000 den daonra faoi 2013.</p>	<p>Is é príomhaonad sholáthar na seirbhíse meabhairshláinte ná an Fhoireann Meabhairshláinte Pobail, agus tá 63 Foireann díobh seo ann go náisiúnta do Leanáí agus Ógánaigh. Cuireann siad seo cúram ar fáil do dhaoine aonair atá ina gcónaí sa bhaile, nó i gcóiríocht thacaíthe ina bpobail féin. Cuireadh €35m breise ar fáil i mBuiséad 2012, rud a rinneadh go páirteach le cinntiú go mbeidh duine amháin ar an laghad ó gach disciplín ghairmiúil meabhairshláinte ar Fhoirne Meabhairshláinte Pobail. Formheasadh iomlán 414 post chun an pacáiste €35 milliún a chur i bhfeidhm, agus leithdháileadh 150 acu ar Fhoirne Meabhairshláinte Leanáí agus Ógánach. Tá ceapacháin ar siúl faoi láthair, agus táthar ag súil leis go dtosóidh an chuid is mó dátaí tosaithe faoi dheireadh mhí an Mhárta in 2013. Ó thaobh seirbhísí othar cónaitheach do leanaí agus ógánaigh de, tá 44 leaba shíciatrach othar cónaitheach ar fáil do leanaí agus ógánaigh go náisiúnta faoi láthair (12 i mBaile Átha Cliath, 12 i gCorcaigh agus 20 i nGaillimh). Léiríonn an méadú ar spás leapacha laghdú 50% nach mór ar iontrálacha leanaí in aonaid do dhaoine fásta ó 2008. Bhí 22 leaba bhreise sceidealta le bheith ar fáil in 2013 (8 gcinn i gCorcaigh agus 14 i mBaile Átha Cliath - rud a thugann líon réamh-mheasta 66 leaba do Leanáí agus Ógánaigh faoi dheireadh 2013). Tá cead pleanála tugtha chun áis othar cónaitheach 24 leaba a thógáil ag Gort na Silíní i mBaile Átha Cliath. Táthar ag súil leis go mbeidh sí seo críochnaithe faoi dheireadh 2013 / tús 2014, agus go n-osclofar í in 2015 - agus go gcuimseodh sí roinnt leapacha atá ann cheana chun an toilleadh a mhéadú go 76 leaba.</p>
<p>Déanfar monatóireacht ar na treochtaí leitheadúlachta caitimh tobac agus úsáide substaintí trí na Suirbhéanna Náisiúnta Sláinte agus Stíl Bheatha agus tríd an Tionscadal Eorpach Suirbhéanna Scoileanna ar Alcól agus Drugaí eile (TESSAD). Beidh torthaí an TESSAD ar fáil go déanach in 2007 nó ag tús 2008.</p>	<p>Seoladh tacar sonraí an TESSAD le haghaidh 2011 chuig an Roinn Sláinte i rith 2012. Níor seoladh go foirmiúil í. Ach críochnaíodh tuarascáil ar a thorthaí agus seoladh í seo ar aghaidh chuig an Roinn le déanaí chomh maith.</p>
<p>Cuirfear torthaí an tSuirbhé ar Iompraíocht Sláinte Leanáí in Aois Scoile (ISLS), 2010, ar fáil i R4 in 2011</p>	<p>Seoladh ISLS 2010 in Aibreán 2012 agus tá obair ar siúl go fóill ar an gcéad chéim eile go dtí Deireadh Fómhair 2013.</p>
<p>Cuirfear teacht ar chóireáil ar fáil do 100% de na húsáideoirí drugaí faoi 18 mbliana a bhfuil fadhb acu taobh istigh de mhí amháin tar éis an mheasúnaithe.</p>	<p>Cuirfear teacht ar chóireáil ar fáil taobh istigh de dhá sheachtain tar éis measúnú agus níl aon liosta feithimh i gceist le haghaidh an chohóirt seo. Cuireadh tuairim is €2m de mhaoiniú breise bliantúil ar fáil do sheirbhísí do dhaoine faoi 18 mbliana ó 2010. Tá sé seo tar éis ligean do sheirbhísí andúile breise líne thosaigh a bheith forbartha, lena n-áirítear seirbhísí síceolaíochta breise, seirbhísí comhairleoireachta agus for-rochtana agus teiripe teaghlaiigh i ngach aon cheantar Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí i gcomhar leis an earnáil dheonach. Tairgtear réimse leathan idirghabhála do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois a bhíonn ar lorg cóireáil andúile, lena n-áirítear comhcheangal idirghabhála, agus í curtha ar fáil tríd an tSamhail Ceithre Chiseal d'idirghabháil chóireála, agus ceaptar seirbhísí le freastal ar na riachtanais aitheanta ar leith atá ar dhaoine ar leith. Tá obair idirghníomhaireachta idir FSS, Seirbhísí Óige, Tascfhórsaí Drugaí agus gníomhaireachtaí eile pobail, deonacha agus reachtúla mar bhonn le soláthar na seirbhíse seo, rud a chuirtear ar fáil i measc an phobail, pé áit ar féidir.</p>
<p>Ar mhaithe le dul i ngleic tuilleadh le neamhláithreach, luathfhágáil scoile, fadhbanna iompraíochta agus riachtanais speisialta, cuirfear 100 post breise ar fáil don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) agus don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) faoi 2009.</p>	<p>Tá feidhmeanna áirithe de chuid an Aire Oideachais agus Scileanna faoin Acht Oideachais (Leas), lena n-áirítear freagracht as an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO), tá siad tar éis a bheith aistrithe go dtí an tAire Leanáí agus Gnóthaí Óige. Tháinig laghdú deichniúr i rith 2011/2012 ar líon na síceolaithe ag an SNSO go 167 roimh spriocdháta scoir na seirbhíse poiblí ag deireadh Feabhra. Ach táthar tar éis an líon seo a mhéadú trí earcaíocht leanúnach go 172 faoi láthair, agus táthar ag súil leis go mbeidh an figiúr seo chomh hard le 180 síceolaí a bheith fostaithe ag an tseirbhís faoi lár 2013.</p>
<p>Feabhsófar an tacaíocht d'imeascadh éifeachtach leanáí na n-imirceach i mbunscoileanna agus meánscoileanna trí 550 múinteoir breise a sholáthar mar thacaí teanga faoi 2009, agus trí bhaint na teorann múinteoirí atá ann faoi láthair, is é sin, beirt mhúinteoirí breise in aghaidh na scoile. Cuirfear tuairim is €637 milliún ar fáil faoi 2013 do mhúinteoirí le haghaidh tacaí teanga le cabhrú le leanáí nach bhfuil an Béarla mar theanga bhaile acu.</p>	<p>Tá laghdú tar éis teacht ar leibhéal foriomlán na tacaíochta teanga a chuirtear ar fáil sna scoileanna i gcomhréir le cinntí buiséadacha. Leithdháiltear anois í mar leithdháileadh aonair le freastal do na riachtanais tacaíochta foghlama agus tacaíochta teanga sna scoileanna. Cuirtear tacaíocht fheabhsaithe ar fáil chomh maith do na scoileanna sin ina bhfuil líon mór daltaí a bhfuil tacaíocht teanga de dhíth orthu.</p>
<p>Tá tacaí breise de dhíth ar dhaoine óga atá cláraithe in ionaid Ógtheagmhála ar fud na tíre chun scoileanna a fhorbairt a chinnteoidh go mbainfidh siad amach a n-acmhainneacht iomlán go sóisialta, go pearsanta, go hoideachasúil agus go heacnamaíoch. Leithdháiltear tuairim is €2 mhilliún in 2007 ar 20 Ionad Ógtheagmhála atá ann cheana le freastal ar riachtanais speisialta oideachais daltaí ó 15-20 bliain d'aois. Déanfar breithniú ar an socrú a shíneadh go gach Ionad Ógtheagmhála tar éis do mheasúnacht a bheith déanta. Cuirfear 1,000 spás breise Ógtheagmhála ar fáil faoi 2009, de bhreis ar an 3,292 spás atá curtha ar fáil cheana ag Coistí Gairmoideachais.</p>	<p>In ainneoin an chruacháis bhuiséadaigh atá ann, coinníodh líon na n-áiteanna Ógtheagmhála agus coinníodh an maoiniú don Tionscnamh Riachtanais Speisialta Oideachais (TRSO) chomh maith.</p>
<p>Cuirfear an chuid is mó de na moltaí sa <b>Tuarascáil agus Moltaí le haghaidh Straitéis Oideachais don Lucht Siúil</b> i bhfeidhm idir 2007 agus 2011, agus aird ar an <b>Suirbhé ar Sholáthar Oideachais don Lucht Siúil</b>.</p>	<p>Cé go bhfuil an chuid is mó de na moltaí a bhaineann le príomhshruthú soláthair tar éis a bheith curtha i bhfeidhm anois, déanfaidh Fóram Comhairleach Oideachais an Lucht Siúil, agus é ag cur chuige go téamach, déanfaidh sé scrúdú agus athbhreithniú ar gach moladh nach bhfuil curtha i bhfeidhm go fóill, lena n-áirítear aithint fadhbanna agus constaicí roimh a gcur i bhfeidhm. Déanfaidh an Fóram scrúdú ar bhealaí chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar príomhshruthú an tsoláthair oideachais don Lucht Siúil ó thaobh an fhreastail ar scoil tar éis príomhshruthú iompair don Lucht Siúil agus tarraingt siar Sheirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta don Lucht Siúil, rannpháirtíocht leanáí den Lucht Siúil i scéim réamhscolaíochta uilíoch agus gnóthachtáil leanáí den Lucht Siúil tar éis tharraingt siar na múinteoirí acmhainne don Lucht Siúil, agus príomhshruthú an tsoláthair tacaíochta foghlama faoin tSamhail Athmheasta Leithdháilte Ghinearálta, ar aon dul leis na leanáí eile go léir. Leanfaidh an Fóram de thuairisciú do Ghrúpa Feidhmiúcháin na Roinne.</p>
<p>Cuirfear deireadh le soláthar deighilte i mbunscoileanna agus meánscoileanna de réir a chéile le cinntiú go mbeidh leanáí den Lucht Siúil imeasctha i scoileanna príomhshrutha faoi 2009.</p>	<p>Tá comhairliúchán le pátrúin na scoileanna seo ar siúl go fóill agus bunaidh fochoiste sa Roinn le cabhrú le cur chuig dúnadh na scoileanna deighilte de réir a chéile ar an gcaoi is fearr.</p>

<p>Beidh naíonraí don Lucht Siúil imeasctha thar thréimhse níos faide leis an soláthar reatha agus nua réamhscolaíochta, ionas go mbeidh eispéireas cuimsitheach comhtháite oideachais ag daoine óga den Lucht Siúil ó aois luath.</p>	<p>Bhí tabhairt isteach bliain réamhscolaíochta uilíoch saor in aisce in Eanáir 2010 mar dheis chun deireadh le naíonraí deighilte don Lucht Siúil de réir a chéile a luathú. Dúnadh an t-aon naíonlann a bhí maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna go fóill in 2012. Ar mhaithe le tacú le naíonraí le himeascadh na leanaí go léir, bídis ag teacht ó ghrúpaí mionlaigh nó móraimh, fuair an Roinn maoiniú in 2010 do bhaill foirne ag obair i naíonraí pobail agus príobháideacha le dul faoi oiliúint chreidiúnaithe ar chomhionannas agus ilghnéitheacht. Tharla an oiliúint seo in 2011/2012.</p>
<p>Cuirfear polasaithe ar úsáid substaintí i bhfeidhm sna scoileanna go léir faoi 2008.</p>	<p>Faoi Ghníomh 43 den Straitéis Náisiúnta Drugaí, 2001 - 2008, dhréachtaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna treoirlínte chun polasaí mí-úsáide substaintí a fhorbairt, i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanáí agus na hiar-Bhoird Sláinte. Eisíodh na treoirlínte seo do gach scoil i nDeireadh Fómhair 2002 le cabhrú leo polasaithe cuí ar mhí-úsáid substaintí a fhorbairt. Tá an polasaí beartaithe le díriú ar oideachas a bhaineann le halcól, tobac, drugaí agus substaintí dáinséaracha eile agus ar na nósanna imeachta atá ann chun teagmhais a bhaineann leo a bhainistiú. Tá sé mar fhreagracht ar údarais bhainteacha na scoileanna na treoirlínte a chur i bhfeidhm.</p> <p>Rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Suirbhé Scileanna Saoil ar gach scoil in 2009. Léirigh na freagraí comhlánaithe go raibh polasaí ar mhí-úsáid substaintí ag 84% de na bunscioleanna agus 96% de na meánscoileanna. Tá Suirbhé nua ar Scileanna Saoil á dhéanamh ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sna scoileanna. Tá sé beartaithe anailís a dhéanamh ar na sonraí ag tús 2013 agus na torthaí a chur ar fáil sa dara ráithe de 2013.</p>
<p>Tabhairt isteach reachtaíochta chun Sochar Linbh a roinnt go cothrom idir thuismitheoirí i gcásanna nach bhfuil siad in aontíos agus nuair atá socrúithe comhchaomhnóireachta cothroime i bhfeidhm. Impleachtaí agus ceisteanna a bhaineann le hiocaíocht a aistriú ó phríomhchúramóir an linbh go duine cáilithe malartach i gcásanna go bhfuil sé deimhnithe nach bhfuil an Sochar Linbh á úsáid ar mhaithe leis an leanbh.</p>	<p>Rinneadh scrúdú ar na ceisteanna a bhaineann le sochar linbh a roinnt idir na thuismitheoirí i gcásanna comhchaomhnóireachta agus le haistriú íocaíochta ó phríomhchúramóir an linbh go duine cáilithe malartach i gcásanna go bhfuil sé deimhnithe nach bhfuil an sochar linbh á úsáid ar mhaithe leis an leanbh, rinneadh an scrúdú seo i bhfianaise thuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ar réimsí dlí de chaidreamh teaghlach, rud a foilsíodh i Nollaig 2010. Tá impleachtaí polasaí agus riaracháin an dá cheist seo á mbreithniú sa Roinn.</p>
<p>Díreofar ar an 475 scoil sa phlean gníomhaíochta CDSS nach mbaineann leas as clár na mbéilí scoile chun rannpháirtíocht a mhéadú, agus déanfar méadú 215 ar líon reatha na scoileanna atá páirteach faoi dheireadh 2007. Cuireadh maoiniú breise €3 milliún ar fáil don chlár seo in 2007.</p>	<p>Coinníodh an maoiniú le haghaidh Chlár na mBéilí Scoile (Scéim Béilí Scoileanna Uirbeacha agus Scéim Tionscadail Áitiúla Béilí Scoile) ag €35 milliún le haghaidh 2011 agus 2012. Chinntigh sé seo nach ndearnadh cíorrú ar mhaoiniú a chuirtear ar fáil do thionscadail agus scoileanna ar leith. Chuaigh 54 scoil nua CDSS isteach i Scéim Thionscadail Áitiúla na mBéilí Scoile ó 2008/2009 de réir mar a cuireadh maoiniú ar fáil trí scoileanna/eagraíochtaí a bhí ag roghnú gan páirt a ghlacadh sa scéim, agus bhí 6 scoil CDSS ag glacadh páirte sa scéim den chéad uair in 2011 agus 20 scoil eile in 2012. Tugadh gach scoil CDSS a d'iarr páirt a ghlacadh sa scéim i scoilbhliain 2012/2013 isteach sa scéim. Cuireadh €2m breise ar fáil i mBuiséad 2013 do Chlár na mBéilí Scoile le haghaidh 2013. Agus an maoiniú breise seo ar fáil anois, tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an maoiniú a chuirtear ar fáil do scoileanna CDSS d'fhonn iarratais a lorg ó scoileanna CDSS nach bhfuil páirteach i gClár na mBéilí Scoile go fóill, agus athbhreithniú a dhéanamh chomh maith ar na hiocaíochtaí atá á ndéanamh cheana i gcomhthéacs an mhéadaithe ar líon na ndaltaí agus clubanna leathnaithe bia.</p>
<p>Cinnteoigh Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig go soláthrófar seirbhísí a bhfuil gá leo chun tosú gach rogha mhalartach phobail ar choinneáil a éascú, agus iad curtha ar fáil ag an tSeirbhís Phromhaidh, chomh luath agus is féidir i rith na tréimhse 2007-2013.</p>	<p>Níor cuireadh nuashonrú ar fáil faoi dhul chun cinn.</p>
<p>Is é an dáta sceidealta le haghaidh thosú na bhforálacha reachtúla chun smachtbhannaí pobail a chur i bhfeidhm ná 1 Márta 2007. Déanfar na bearta ina dhiaidh sin de réir a chéile ar fud na tíre. Críochnófar an cur i bhfeidhm seo faoi 2013.</p>	<p>Níor cuireadh nuashonrú ar fáil faoi dhul chun cinn.</p>
<p>Méadóidh líon iomlán na dTionscadal Athstíúrtha Óige (TAÓ) go tuairim is 130, agus iad ag freastal ar thuairim is 4,500 duine óg faoi 2013. Déanfar measúnú cuimsitheach ar na Tionscadail Athstíúrtha Óige in 2007-2008 le cur le forbairt na dtionscadal.</p>	<p>Bhí 5,673 duine óg ag glacadh páirte sa 100 Tionscadal Athstíúrtha Óige (TAÓG) a bhí ar siúl ag na Gardaí in 2011. Le roinnt blianta anuas, bhí an príomhfhócas ar fheabhsú cháilíocht agus éifeachtacht na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Tá moltaí ón Tuarascáil Bonnline a foilsíodh in 2009 tar éis a bheith curtha i bhfeidhm, lena áiríodh forbairt chur chuige an chleachtais is fearr i dtionscadail trí chur chuige suíomh trialach, pobal foghlama ar líne a bheith á fhorbairt do chleachtóirí chun eolas agus dea-chleachtas a roinnt, agus fócas ar fhorbairt acmhainne do na hoibríthe um cheartas i leith an aosa óig. Tá obair shuntasach déanta ag SECÓ chomh maith i gcomhar leis an nGarda Síochána chun rialachas na dtionscadal a fheabhsú chun a n-éifeachtacht a fheabhsú. Cuimsíonn sí seo pleanáil bhliantúil ghnó trí chur chuige samhail loighice.</p>
<p><b>Aois oibre</b></p>	<p><b>Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn, 2011 /2012</b></p>
<p><b>Gníomh an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta</b></p> <p>Gníomhartha dearfacha a leagadh síos sa Straitéis Náisiúnta Ban, 2007-2015, chun méadú breise a dhéanamh ar líon na mban sa mhargadh oibre, chun dul chun cinn na mban in ionaid oibre a chothú, agus chun dul i ngleic leis an mbearna phá ar bhonn inscne.</p>	<p>Níor cuireadh nuashonrú ar fáil faoi dhul chun cinn.</p>
<p>Is é is aidhm don <b>Straitéis Náisiúnta Ban, 2007-2015</b>, rud atá le bheith foilsithe ag tús 2007, ná réimse beart a dhéanamh chun deiseanna socheacnamaíochta a chothromú, folláine a chinntiú agus rannpháirtíocht mhéadaithe ban i gcinnteoireacht agus sa tsochaí shibhialta a spreagadh. Tá bearta inti chun mná a spreagadh le dul chun cinn sa mhargadh saothair, rud a fheabhsóidh a gcumas tuilleadh airgid a thuilleamh. Dírionn sí chomh maith ar an mbearna phá ar bhonn inscne, feiniméan eile a imríonn tionchar ar staid eacnamaíoch na mban.</p>	<p>Níor cuireadh nuashonrú ar fáil faoi dhul chun cinn.</p>

<p>Leanfaidh an tSeirbhís Phromhaidh de thionscnaimh a chur chun cinn atá ceaptha le dul i ngleic le pátrúin iompraíochta coiriúla a bhaineann le heisiámh sóisialta, le béim ar thionscnaimh ceartas aisig. Beidh tacaíocht ann go háirithe chun an Clár Nascachta a shíneadh chun méadú a dhéanamh ar líon na gciontóirí a bhfaightear spás dóibh i scéimeanna fostaíochta, oideachais nó Fostaíochta Pobail. Táthar ag súil le méadú ó 614 sannachán in 2005 go 900 sannachán in aghaidh na bliana faoi 2016 mar gheall ar atreorú ag an tSeirbhís Phromhaidh.</p>	<p>Bhí 1,596 ciontóir atreoraithe ag an tSeirbhís Phromhaidh in 2011 go 14 Oifigeach Oiliúna agus Fostaíochta den Chlár Nascachta, agus tugadh spás do 807 duine i scéimeanna fostaíochta, oideachais nó Fostaíochta Pobail. Bhí 1,799 ciontóir atreoraithe ag an tSeirbhís Phromhaidh in 2012 go 15 Oifigeach Oiliúna agus Fostaíochta den Chlár Nascachta, agus tugadh spás do 1,170 duine i scéimeanna fostaíochta, oideachais nó Fostaíochta Pobail. Leanann an Clár Nascachta de spriocanna a chomhlíonadh, mar atá minithe go dtí seo, agus tá an tSeirbhís Phromhaidh muiníneach go bhfuil an Clár Nascachta in ann na spriocanna pleanáilte cláir a bhaint amach.</p> <p>Ceartas Aisig - Agus é ag cur le torthaí agus moltaí an chlár phíolótaigh aisig, tá Straitéis Ceartas Aisig á forbairt faoi láthair. Déanann an tSeirbhís Phromhaidh trí thionscnamh Ceartas Aisig a mhaoiniú/pháirt-mhaoiniú tríd an RDCC, rudaí atá bunaithe i mBaile Átha Cliath, Tiobraid Árann agus Luimneach, agus iad á n-oibriú trí eagraíochtaí atá bunaithe sa phobal. Tá síneadh réimse na Scéimeanna Ceartas Aisig mar thosaíocht straitéiseach ag an tSeirbhís Phromhaidh. Chuimsigh sé seo leathnú taobh istigh de na buiséid atá ag dhá thionscadal aisig cheana - tá an tSeirbhís Ceartas Aisig atá bunaithe i dTamhlacht tar éis a bheith leathnaithe anois go dtí na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla, agus chuig na Cúirteanna i gContae Bhaile Átha Cliath Theas, agus tá an Tionscadal Cúiteamh Pobail ar an Aonach tar éis leathnú go dtí na Cúirteanna i dTiobraid Árann Thuaidh. Leanann Promhadh Daoine Óga de bhainistíocht a dhéanamh ar Thionscnamh Ceartas Aisig Luimnigh, i gcomhar le meantóireacht 'Le Chéile'. Leanann SECÓ agus Tionscadal Athnuachana Luimnigh de mhaoiniú a chur ar fáil.</p>
<p>Cinntiú go dtugtar an tacaíocht chuí do dhaoine nach bhfuil in acmhainn íoc as costas seirbhísí dochtúra dóibh féin agus dá dteaghlach, trí chárta leighis nó trí chárta cuartaíochta dochtúra, agus é faoi réir a n-acmhainne. Cháiligh tuairim is 122,296 duine breise le teacht ar sheirbhísí dochtúra saor in aisce ó thús 2005. Cuimsíonn sé seo glanmhéid breise 74,746 cárta leighis agus 47,550 cárta cuartaíochta dochtúra.</p>	<p>Ag deireadh 2012, tá tuairim is 1,861,000 cárta leighis (breis is 40% de mhuintir na tíre) agus 135,000 cárta cuartaíochta dochtúra (3% de mhuintir na tíre) ann; Sa 12 mhí roimhe seo, léirigh siad seo méadú os cionn 167,000 ar líon na gcártaí leighis agus 9,600 ar líon na gcártaí cuartaíochta dochtúra; Tá teacht saor in aisce ag beagnach 43% den daonra náisiúnta ar sheirbhísí dochtúra ar an iomlán faoin Scéim Seirbhísí Ginearálta Leighis (SGL), méid arb ionann é agus méadú 10% i gcomparáid le figiúr dheireadh 2011; Tá Clár an Rialtais tiomanta d'athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras reatha sláinte poiblí, trí Árachas Sláinte Uilíoch a thabhairt isteach, agus teacht cothrom ar chúram a chur ar fáil do chách. Mar chuid de seo, tá an Rialtas tiomanta do chúram dochtúra gan táillí a thabhairt isteach go céimnitheach taobh istigh dá chéad téarma oifige. Tá gá le reachtaíocht phríomha chun tiomantas an Rialtais seirbhís uilíoch dochtúra gan táillí a thabhairt isteach a chur i gcrích; Tá reachtaíocht á dréachtú faoi láthair ag Oifig an Ard-Aighne agus ag an Roinn Sláinte le ligean don Aire Sláinte rialacháin a dhéanamh chun teacht ar sheirbhísí dochtúra a shíneadh gan táillí go daoine a bhfuil breoiteachtaí forordaithe orthu, agus foilseofar go luath í. Fógrófar dátaí feidhmiúcháin agus sonraí iarratais de bhun na reachtaíochta.</p>
<p>Tá go leor fianaise ann a léiríonn ceangal idir bochtaineacht agus droch-mheabhairshláinte, agus tá gaol ag an mbochtaineacht le húsáid mhéadaithe na seirbhísí meabhairshláinte. Faoi 2013, beidh dhá Fhoireann Ghinearálta Meabhairshláinte Phobail do Dhaoine Fásta (FMPanna) in aghaidh 100,000 de dhaoine na tíre.</p>	<p>Tá cur i bhfeidhm '<i>Fís le haghaidh Athrú</i>' (Tuarascáil ó 2005 ón nGrúpa Saineolach ar Pholasáí Meabhairshláinte) mar thosaíocht ag an Rialtas go fóill. Tá 123 Foireann Ghinearálta Meabhairshláinte Phobail do Dhaoine Fásta ann go náisiúnta, cé nach bhfuil na baill iildisciplíneacha go léir ag cuid mhaith acu atá molta in '<i>Fís le haghaidh Athrú</i>'. Ina leith sin, cinnteoidh maoiniú ó leithdháileadh speisialta €35 milliún a cuireadh ar fáil mar chuid de Bhuiséad 2012, go háirithe chun Meabhairshláinte sa Phobal a neartú i seirbhísí meabhairshláinte do Dhaoine Fásta agus Leanaí, cinnteoidh sé go mbeidh ionadaí amháin ar a laghad ó gach disciplín ghairmiúil mheabhairshláinte ar gach Foireann. Lionfar an chuid is mó de na poist seo faoi dheireadh mhí an Mháirta in 2013. Úsáidfead maoiniú ón leithdháileadh seo chomh maith chun teacht ar theiripí síceolaíochta i suíomhanna cúraim phríomhúil a fheabhsú, agus chun straitéisí coiscthe féinmharaithe a chur i bhfeidhm. Treisíonn fógart €35 milliún breise i mBuiséad 2013 tiomantas an Rialtais d'fhorbairt na seirbhísí meabhairshláinte. Feabhsóidh Plean Seirbhíse FSS 2013 tionscnaimh choiscthe féinmharaithe, fóiréinsic agus foirne pobail meabhairshláinte do dhaoine fásta, leanaí, seanóirí agus míchumas intleachta meabhairshláinte. Beartaíonn sé chomh maith go bhfostófaí breis is 470 ball foirne eile chun na bearta seo a chur i gcrích (tá earcú na ndaoine seo tosaithe).</p>
<p>Agus í ag obair i gcomhar le dreamanna eile, forbróidh an Roinn Sláinte tionscnaimh phobail agus earnála ar leith chun cothú sláintiúil agus teacht ar bhia sláintiúil agus gníomhaíocht choirp i measc daoine fásta a spreagadh, le béim ar leith ar dhaoine fásta a bhfuil cónaí orthu i gceantair faoi mhíbhuntáiste.</p>	<p>Tá na gníomhartha seo a leanas déanta ag an Roinn Sláinte i rith thréimhse an athbhreithnithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Eisíodh Treoirínte ar Ghníomhaíocht Choirp;</li> <li>• Athmheasadh agus foilsíodh na Treoirínte ar Chothú Sláintiúil;</li> <li>• Obair leis an Roinn Talmhaíochta chun an Scéim um Thorthaí Saor in Aisce sna Scoileanna a chur i bhfeidhm trí 'Food dudes';</li> <li>• Bunaíodh Grúpa Speisialta Gníomhaíochta le díriú ar ghníomhartha timpeallachta a bhaineann le rómheáchan agus murtall - ina measc seo, tá aird a dhíriú ar chalraí ar bhiachláir i mbialanna mearbhia, breithniú a dhéanamh ar cháin a ghearradh ar dheochanna ina bhfuil an-chuid siúcra agus lipéid shoiléire a chur ar bhianna.</li> </ul>
<p>Tá Éire páirteach sa CMIIDF (Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlacht Daoine Fásta). Tá an staidéar allamuigh á dhéanamh faoi láthair ag an POS (An Phríomh-Oifig Staidrimh) agus táthar ag súil le torthaí i nDeireadh Fómhair 2012.</p>	<p>Tá an infheistíocht sa tseirbhís litearthachta do dhaoine fásta á coinneáil ag €30m in 2011 agus 2012, agus méadófar líon bliantúil na rannpháirtithe go 56,000 in 2011. Tá Éire páirteach sa Chlár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlacht Daoine Fásta (CMIIDF). Bhí an staidéar allamuigh críochnaithe ag an POS i Márta 2012, agus táthar ag súil le foilsiú na dtorthaí ag an ECFE (OECD) i nDeireadh Fómhair 2013.</p>
<p>Tá tionscadal litearthachta do theaghlach á chur i bhfeidhm chomh maith faoi phlean gníomhaíochta CDSS.</p>	<p>Tá an maoiniú le haghaidh litearthacht teaghlach á choinneáil. Fuair 16 tionscadal maoiniú €229,000 in 2011, agus fuair 24 tionscadal maoiniú €271,900 in 2012.</p>
<p>Infheisteofar iomlán €1 bhiliún san earnáil iar-Ardteistiméireachta i rith na tréimhse 2007-2013 chun scileanna gairme ar leith a chur ar fáil do na rannpháirtithe ar mhaithe lena ndeiseanna fostaíochta a bhaint amach a fheabhsú, agus le tacú le dul chun cinn go léann eile.</p>	<p>B'ionann an caiteachas bliantúil ar an gClár Iar-Ardteistiméireachta (CIA) in 2011 agus 2012 agus tuairim is €320m. Leithdháileadh 1,000 spás breise CIA in 2011, rud a mhéadaigh líon iomlán na spásanna CIA a bhí ar fáil ar fud na tíre go 32,688.</p>

<p>Socróidh an Oifig Náisiúnta um Chothromas Teachta ar Ardoideachas cuspóirí agus spriocanna agus forbróidh sí na sonraí bonnlíne le haghaidh rannpháirtíocht mac léinn atá faoi mhíchumas, mac léinn lánfhásta agus na ndaoine siúd a bhaineann le cúlraí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, lena n-áirítear daoine den Lucht Siúil agus mionlaigh eile i rith na tréimhse 2007-2013, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Cuirfear tacaíocht deontais ar fáil do mhic léinn tríd an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas, an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn, Ciste Comhpháirtíochta na Mílaoise agus acmhainní airgeadais institiúidí ard-oideachais.</p>	<p>Beidh deireadh ag teacht le téarma an phlean náisiúnta teachta atá ann faoi láthair i Nollaig 2013. Cuimsíonn an plan trí sprioc déag chun teacht agus rannpháirtíocht réimse grúpaí faoi ghannionadaíocht a mhéadú san ard-oideachas. Ag lárphointe an phlean cúig bliana (in 2010), léirigh athbhreithniú ar dhul chun cinn go raibh ceithre cinn de na spriocanna a bhí socraithe le bheith bainte amach faoin lárphointe tar éis a bheith bainte amach, agus go raibh seacht gcinn ann go fóill nach raibh bainte amach. Níorbh fhéidir dul chun cinn a thomhas maidir le dhá sprioc eile, ó ba rud é go raibh gá le sonraí ó Dhaonáireamh 2011 agus nach raibh siad ar fáil go fóill. Tugann nuashonrú ar dhul chun cinn ag deireadh 2012 agus é ag úsáid na sonraí atá ar fáil le fios go dtí seo, go bhfuil ceithre cinn de na trí sprioc déag le haghaidh na bliana seo chugainn bainte amach cheana agus go bhfuil ceann eile atá beagnach bainte amach. Déanfar tomhas ar dhá sprioc bhreise go luath. Tá sé sprioc ann nár baineadh amach go fóill. Cuireadh straitéis i bhfeidhm i Meán Fómhair 2011 chun an dul ar gcúl a tharla le cuid de na spriocanna náisiúnta a réiteach. Chuimsigh an straitéis dhá ghníomh déag. Bhí an straitéis seo comhaontaithe ag bord an ÚAO tar éis athbhreithniú meántéarma (in 2010) ar chur i bhfeidhm an phlean náisiúnta teachta.</p> <p>(i) <b>Dul chun cinn a dhéanamh i bplé straitéiseach le hinstiúidí ard-oideachais.</b> Sheol gach institiúid de chuid an ÚAO tuarascáil isteach ar dhul chun cinn a bpleananna agus spriocanna maidir le teacht agus foghlaim ar feadh an tsaol chuig an ÚAO in 2011. Soláthraíodh aiseolas mionsonraithe cuiditheach do gach institiúid ar na pleananna seo, chomh maith le hanailís ar líon a mac léinn. Bhí plé leanúnach ar siúl in 2011-2012 le hinstiúidí ar leith ar a bpleananna straitéiseacha agus a bpróifíilí staidrimh mar chuid de chur i bhfeidhm na straitéise náisiúnta. Tá plé straitéiseach breise pleanáilte le haghaidh 2012 agus 2013 mar chuid de chur i bhfeidhm na straitéise náisiúnta um ard-oideachas. Cuimseoidh sé seo comhaontú ar spriocanna idir an ÚAO agus gach institiúid, rud a bheidh mar bhonn le dul chun cinn spriocanna náisiúnta le haghaidh 2013 agus níos faide anonn.</p> <p>(ii) <b>Príomh-mhaoiniú agus acmhainní airgeadais eile a fhorbairt le haghaidh teachta.</b> In Eanáir 2012, tar éis tréimhse ina ndearnadh forbairt agus tabhairt isteach de réir a chéile, bhí an ghné theachta den deontas athfhillteach curtha i bhfeidhm go hiomlán do na hollscoileanna agus do na hinstiúidí teicneolaíochta. Leithdháileadh príomh-mhaoiniú €29 milliún le haghaidh teachta ar sheacht n-institiúid is fiche in 2012. Is é an bunús atá leis an leithdháileadh seo ná an Teacht Cothrom agus sonraí eile a bhíonn curtha ar ais gach bliain ag gach institiúid chuig córas taifid mac léinn an ÚAO. Tacaíonn an maoiniú seo le cur i bhfeidhm teachta institiúidigh agus le pleananna agus spriocanna foghlama ar feadh an tsaol.</p> <p>(iii) <b>Forbairt bhreise ar chóras taifid mac léinn an ÚAO</b> Tá feabhsú córasach á dhéanamh ar cháilíocht agus cumhdach sonraí a bhíonn bailithe ag córas taifid mac léinn an ÚAO gach bliain. Tá sonraí breise á mbailliú in 2011 agus 2012 ar mhic léinn atá ag gabháil do chlár pháirtaimseartha, sholúbtha agus cianfhoghlama, lena n-áirítear mic léinn atá ag gabháil do chúrsaí Lingchláir. Forbraíodh córais in 2012 chomh maith chun monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí acadúla agus eile do mhic léinn a fhaigheann airgead ón gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas. Rudaí nuálaíochta tábhachtacha eile a bhí ann ná anailís nua ar phróifíilí na mac léinn agus na foirne i ngach aon institiúid atá maoinithe ag an ÚAO, rud atá ag tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta agus an phróisis nua idirphlé straitéisigh in 2013. Tá obair déanta ar shuirbhé náisiúnta ar mhic léinn, agus cuimseoidh sé seo eolas ar eispéireas na mac léinn páirtaimseartha agus lánfhásta.</p> <p>(iv) <b>Leithdháileadh spásanna breise trí Lingchlár in 2011 agus 2012</b> Leithdháileadh 5,875 spás do mhic léinn pháirtaimseartha/lánfhásta trí thionscnamh gníomhachtaíthe fostaíochta Lingchláir in 2011 agus 6,021 spás breise in 2012. Díríonn an clár Lingchláir maoiniú cúrsaí páirtaimseartha ard-oideachais atá saor in aisce do dhaoine dífhostaithe i réimsí ina bhfuil easnaimh aitheanta scileanna margadh saothair, amhail TFC, Fearais Leighis agus sa Chógaisíocht. Tá creat measúnachta tar éis a bheith forbartha chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar Lingchláir, agus measúnú na chéad chéime tar éis a bheith foilsithe i bhFeabhra 2012, agus tuarascáil dara céim le bheith foilsithe go luath. Bhí an ÚAO páirteach i bpróiseas taighde agus comhairliúcháin ar pholasaí agus cleachtas chomh maith le haghaidh ard-oideachas páirtaimseartha in 2011 agus 2012. Tá bailchríoch curtha anois ar dhoiciméad polasaí ina bhfuil naoi moladh le haghaidh ard-oideachas páirtaimseartha/solúbtha amach anseo, agus tá cur i bhfeidhm na moltaí ar siúl faoi láthair.</p> <p>(v) <b>Cur chun cinn breise deiseanna ard-oideachais do mhic léinn lánfhásta</b> Tá cur chun cinn deiseanna ard-oideachais do mhic léinn lánfhásta tar éis a bheith déanta trí fhógraíocht agus feachtais eolais le haghaidh Lingchláir in 2011 agus 2012. Cuireadh líne chabhrach saorghlao agus seónna bóthair ar fáil. Cuireann Aontas, institiúidí oideachais agus seirbhísí áitiúla fostaíochta agus treorach eolas ar fáil chomh maith do chuid mhaith foghlaimoirí féideartha gach bliain. D'aithin measúnuithe ar Lingchlár agus an páipéar polasaí ar ard-oideachas páirtaimseartha an gá atá le feabhsuithe breise ar na córais treorach agus eolais ar dheiseanna do dhaoine atá ag iarraidh filleadh ar oideachas. Beidh gá le réimse leathan gníomhaireachtaí agus seirbhísí ag obair le chéile chun straitéis chomhaontaithe a fhorbairt, lena n-áirítear SOLAS, an Roinn Coimirce Sóisialaí, DCCÉ (QQI) agus an ÚAO.</p>
---	--

<p>Tá beagnach €4.9 billiún á leithdháileadh ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i rith na tréimhse 2007-2013 chun oiliúint agus tacaí spriocdhírthe a chur ar fáil do ghrúpaí taobh amuigh den mhargadh saothair, amhail daoine dífhostaithe, daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair, an lucht siúil agus príosúnaigh. Tacóidh an maoiniú seo le rannpháirtíocht mhéadaithe na mban, oibríthe scothaosta, oibríthe páirtaimseartha agus na n-imirceach chomh maith.</p>	<p>Chinn an Rialtas i Márta 2010 gur chóir go dtiocfadh na réimsí oiliúna d'oibríochtaí FÁS a bhí faoi shainchúram na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi shainchúram na Roinne Oideachais agus Scileanna anois. Faoi dheireadh na bliana, bhí an reachtaíocht riachtanach rite, bhí an fhreagracht bhuiséadach agus pholasaí leithdháilte arís agus cuid mhaith oibre déanta ar ullmhú d'aistriú na foirne baintí agus acmhainní eile. Bhí aird FÁS dírithe go fóill in 2011 ar chur i bhfeidhm tráthúil agus éifeachtúil an athstruchtúraithe. Bhain breis is 163,000 foghlaimoír leas as soláthar oiliúna agus scéimeanna tacaíochta fostaíochta i rith 2011. Mar chuid den soláthar seo, díriodh ar na riachtanais ar leith a bhí ar ghrúpaí imeallaithe nó faoi mhíbhuntáiste, trí réimse clár a bhí ceaptha go speisialta. Chríochnaigh iomlán 1,442 foghlaimoír faoi mhíchumas gairmoiliúint Soláthraí Oiliúnóir Speisialtóra agus chríochnaigh 1,635 duine a d'éirigh as a scolaíocht go luath cúrsaí oiliúna in Ionaid Oiliúna Pobail. Chríochnaigh 3,033 foghlaimoír breise a n-oiliúint ghairme faoi Chlár na dTionscnamh Áitiúil Oiliúna. D'éascaigh FÁS teacht feabhsaithe ar oiliúint chomh maith trí chúrsaí oíche agus ar líne a sholáthar. Bhain breis is 29,000 duine (idir fhostaithe agus dhífhostaithe) tairbhe as cúrsaí oíche in 2011, agus roghnaigh tuairim is 12,000 foghlaimoír cúrsaí ar líne.</p> <p><b>Tuismitheoirí Aonair</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Eanáir go Nollaig 2011, chríochnaigh 8,884 duine a bhí ag fáil Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora cláir oiliúna agus fostaíochta.</li> <li>• Sa tréimhse chéanna 12 mhí, thosaigh 9,865 duine a bhí ag fáil Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora i gcláir oiliúna agus fostaíochta – bhí 74% díobh seo páirteach i gcláir fostaíochta (Fostaíocht Phobail/Tionscnamh Post).</li> <li>• As na daoine sin a thosaigh ag gabháil do chlár oiliúna agus fostaíochta, bhí breis is 80% acu idir 25 agus 44 bliain d'aois agus bhí 18% acu 45 bliain d'aois nó os a chionn.</li> </ul> <p><b>Daoine faoi mhíchumas</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Chríochnaigh 6,598 duine a bhí ag fáil íocaíocht míchumais cúrsaí de chuid FÁS in 2011.</li> <li>• Thosaigh 6,416 duine i gcláir de chuid FÁS in 2011.</li> </ul> <p><b>Lucht Luathfhágála Scoile</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ba é líon na ndaoine a d'éirigh as a scolaíocht go luath agus a chríochnaigh cláir oiliúna agus fostaíochta in 2011 ná 2,163.</li> <li>• Bhí mórán na ndaoine a d'éirigh as a scolaíocht go luath agus a chríochnaigh cláir in 2011 faoi bhun 20 bliain d'aois (82%), agus b'fhir iad breis is dhá thrian díobh seo.</li> <li>• thosaigh 2,594 duine a d'éirigh as a scolaíocht go luath ag gabháil de chlár oiliúna agus fostaíochta in 2011.</li> </ul>
<p>Infheisteadh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta tuairim is €2.9 billiún idir 2007-2013 chun feabhsú a dhéanamh ar oiliúint do dhaoine atá fostaithe, le cabhrú le feabhsú scileanna na ndaoine a d'fhéadfadh a bheith thíos le hathstruchtúrú tionsclaíoch, chun an córas printíseachta a fheabhsú agus a mhéadú agus chun deiseanna dul chun cinn a chur ar fáil do lucht fágála scoile. Chinn an Rialtas i Márta 2010 gur chóir go dtiocfadh na réimsí oiliúna d'oibríochtaí FÁS a bhí faoi shainchúram na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi shainchúram na Roinne Oideachais agus Scileanna anois.</p>	<p>I gcomhréir le polasaí an Rialtais, lean FÁS i rith na bliana de dhírú ar oiliúint do dhaoine dífhostaithe, agus ar a rannpháirtíocht i soláthar oiliúna do dhaoine atá fostaithe a laghdú.</p> <p><b>Pas Sábháilteachta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Lean FÁS i rith 2011 de bhainistíocht a dhéanamh ar an Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgníochta (SDSF), an Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéalachta (SDSC) agus Scéim an Phas Shábháilteachta. Cuireadh oiliúint Pas Sábháilteachta ar 72,521 duine, oiliúint SDSF ar 6,979 duine, agus oiliúint SDSC ar 274 duine i rith na bliana.</li> </ul> <p><b>Clár Printíseachta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tugadh isteach an Scéim athmheasta Socrúcháin do Phrintísigh Iomarcacha i bhFeabhra 2011. Faoi dheireadh na bliana, bhí 2,359 printíseach iomarcach tar éis tairbhe a bhaint as an scéim.</li> <li>• Thug FÁS isteach Meicníocht Dearbhaithe Inniúlachta do phrintísigh iomarcacha in 2011. Sineadh í go ceirdeanna eile in 2012.</li> <li>• D'fhreastail 36 printíseach iomarcach ar chúrsa Teastais ar Scileanna Inaistrithe san Institiúid Teicneolaíochta le cur ar a gcumas dul ar aghaidh go dtí Clár Tríú Leibhéal.</li> <li>• Chríochnaigh ceithre Mheicneoir Aerárthaí Iomarcacha déag Céim 5 agus 7 den oiliúint le hAerchór na hÉireann in 2011.</li> <li>• Faoi Chlár Cianfhoghlama an AE dar teideal Leonardo Da Vinci III, thacaigh Léargas le 11 phrintíseach iomarcach oiliúint i rith poist a chríochnú thar lear, i gcomhar le FÁS.</li> </ul> <p><b>Breisoideachas</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuireann an Clár um Scileanna Oibre bunscileanna oideachais ar fáil do dhaoine atá fostaithe. Maoinítear an clár ón gCiste Náisiúnta Oiliúna agus bhain breis is 2,000 oibrí leas as teagasc tríd an gclár in 2011. Cuireadh maoiniú €2.8 milliún agus €2.2 milliún ar fáil faoi seach in 2011 agus 2012.</li> </ul> <p><b>Móiminteam - An Ciste nua Oideachais agus Oiliúna don Mhargadh Saothair (COOMS)</b></p>



	<p>Agus é seolta in 2012 mar chuid de thionscnamh "Plean Gníomhaíochta Post" an Rialtais, tá Móiminteam, an Ciste nua Oideachais agus Oiliúna don Mhargadh Saothair (COOMS), á riar ag FÁS, agus tá €20 milliún geallta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna tríd an gCiste Náisiúnta Oiliúna faoi seo do líon uasta 6,500 oiliúnaí. Beidh an ciste cómhaoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa.</p> <p>Is é coincheap an COOMS ná go n-úsáidfead maoiniú chun réitigh oiliúna agus oideachais a chur ar fáil do riachtanais daoine dífhostaithe agus fostóirí taobh istigh de cheithre théama. Tá ceann amháin de na téamaí seo dírithe go sonracha ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus iad faoi bhun 25 bliain d'aois, agus tá na trí théama eile, rudaí atá dírithe ar bhráil ceirde ar leith, tá siad ar oscailt do dhaoine d'aoiseanna éagsúla atá dífhostaithe go fadtéarmach.</p> <p>Is comhlacht atá stiúrtha ag fiontraíocht é Skillnets a mhaoineítear tríd an gCiste Náisiúnta Oiliúna (CNO) chun deiseanna nua a chur ar fáil do chuideachtaí chun freagraí bainteacha, éifeachtacha a fhorbairt ar a riachtanais oiliúna agus forbartha. Socraíodh spriocanna uailmhianacha dó in 2012 40,000 duine a oiliúint, a mbeidh suas le 8,000 acu dífhostaithe. Gheobhaidh Skillnets maoiniú €14.5m ón Roinn Oideachais agus Scileanna in 2012. Chomh maith leis sin, ceapadh Skillsnet chun tionscnamh oiliúna bainistíochta ar leith a bhunú faoi Phlean Gníomhaíochta an Rialtais um Poist, 2012. Bunaíodh an tionscnamh nua, rud atá á bhrandáil mar Oibreacha Bainistíochta, bunaíodh é níos luaithe i mbliana. Agus buiséad suas le €1.2m aige, tá an tionscadal Oibreacha Bainistíochta ag céim an chuir i bhfeidhm anois, agus tá tús á chur le réimse cláir oiliúna agus forbartha atá ar fáil le cabhrú le Fiontair Bheaga agus Mheánacha na hearnála príobháidí a bhfeidhmíocht a fheabhsú trí fhéachaint lena n-acmhainn bhainistíochta a fhorbairt, rud a ligfidh dóibh feabhsú a dhéanamh ar a dtrádáil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.</p> <p>SOLAS</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Agus é fógartha in 2011, éascóidh cruthú údarás nua breisoideachais agus oiliúna darb ainm SOLAS freagra comhleanúnach comhtháite straitéiseach náisiúnta ar fud na n-earnálacha breisoideachais agus oiliúna, agus cinnteoidh sé fócas níos mó ar riachtanais athraitheacha daoine dífhostaithe agus lucht tionscail. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar chúrsaí oiliúna agus breisoideachais faoi SOLAS le cinntiú go bhfuil siad go hiomlán i gcomhréir le riachtanais scileanna lucht fiontraíochta.</li> <li>• Tá bunú SOLAS mar chuid de réimse casta leasuithe gaolmhara, lena n-áirítear claochlú an 33 CG go 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna.</li> </ul>
<p>Cuirfead Straitéis Náisiúnta Scileanna i bhfeidhm chun leibhéal scileanna na ndaoine atá ag obair a mhéadú, i bhfianaise <b>Staidéar Ghrúpa Saineolach 'Forfás' ar Riachtanais Scileanna Amach Anseo.</b></p>	<p>Tugann sonraí na Suirbhéireachta Ráithiúla Náisiúnta ar Theaghlaigh (SRNT) de chuid an POS le fios nach bhfuil na spriocanna gnóthachtála oideachais le haghaidh an lucht saothair in 2020 bainte amach ag Éirinn go fóill, ach go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh aici go leanúnach i dtreo na spriocanna seo. Sa cheathrú ráithe de 2011:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- tá cáilíochtaí tríú leibhéal ag beagnach 42% den lucht oibre (leibhéal 6/7 – 10), i gcomparáid le sprioc 48% le haghaidh 2020</li> <li>- tá 40% acu tar éis leibhéal tánaisteach uachtarach nó leibhéal Breisoideachais agus Oiliúna (BO) a bhaint amach [An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) 4-5/6], i gcomparáid le sprioc 45% le haghaidh 2020</li> <li>- agus tá an 18% atá fágtha tar éis cáilíochtaí tánaisteacha íochtaracha a bhaint amach ar a mhéad (CNC 1-3), agus is é sprioc an ghrúpa seo faoi 2020 ná 7%.</li> </ul>
<p>Tá breithniú á dhéanamh ar athchóiriú scéimeanna na gCuardaitheoirí Poist agus na hÍocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora maidir le hidirghníomhaíocht idir na scéimeanna agus socruithe dóibh siúd a bhaineann tairbhe as meascán leasa shóisialaigh agus ioncam oibre. Cuimseoidh an obair seo breithniú ceisteanna a bhaineann leis an bhfáil lánaimseartha agus pháirtaimseartha atá ar dhaoine le bheith ag obair.</p>	<p>Bunaíodh meitheal in 2012, rud atá dírithe go príomha ar na scéimeanna do chuardaitheoirí poist.</p>
<p>Leanfar d'athbhreithniú a dhéanamh ar an tástáil acmhainne chaighdeánach le haghaidh Forlíonadh Cíosa (agus íocaíochtaí sochair tánaisteacha eile) faoi scéim an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh (LLF), d'fhonn dreasachtaí airgeadais feabhsaithe le glacadh le fostaíocht pháirtaimseartha, oiliúint, oideachas nó roghanna eile dul chun cinn a sholáthar, fad is a dhéantar íoslághdú chomh fada agus is féidir ar thionchar tharraingt siar na dtacaí leasa shóisialaigh. Beidh an bhéim fhoriomlán ar sholáthar réitigh chuí fadtéarmacha tithíochta.</p>	<p>Ó 1 Eanáir 2012, méadaíodh an ranníocaíocht íosta ó €24 in aghaidh na seachtaine go €30 in aghaidh na seachtaine, agus tugadh isteach ráta níos airde de ranníocaíocht íosta ar luach €35 in aghaidh na seachtaine do lánúineacha. Déanfaidh na bearta seo aillíniú níos gaire ar an ranníocaíocht íosta atá iníochta ag teaghlaigh faoin scéim um fhorlíonadh cíosa le ranníocaíocht na n-údarás áitiúil. Laghdaíonn na hathruithe seo na dídhreasachtaí do theaghlaigh aistriú go tithíocht údarás áitiúil. Ó 1 Eanáir 2012, rinneadh laghdú meánach 13% ar na teorainneacha uasta cíosa.</p> <p>Faoi dheireadh Shamhain 2012, bhí údarás áitiúla tar éis iomlán de bhreis is 42,687 teaghlach a aistriú ó Fhorlíonadh Cíosa. Astu seo, fuair 25,123 de na teaghlaigh sin tithe go díreach faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC) agus tugadh cóiríocht do 17,564 eile faoi roghanna eile tithíochta sóisialta. Chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí sonraí ar fáil don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in 2012 faoi bhreis is 5,000 custaiméir a fhaigheann forlíonadh cíosa agus atá i mbaol mór dífhostaíochta fadtéarmaí, ar mhaithe le hord tosaíochta a dhéanamh le haghaidh teidlíochta sa SCC.</p> <p>Ar 27 Márta 2012, rinne an Rialtas cur síos ar aistriú freagrachta as soláthar cúnamh cíosa do dhaoine a bhfuil riachtanas fadtéarmach tithíochta orthu ón Roinn Coimirce Sóisialaí, rud a chuirtear ar fáil trí fhorlíonadh cíosa faoi láthair, go húdarás tithíochta a úsáideann íocaíocht nua Cúnamh Tithíochta (ÍCT). Bunaíodh grúpa stiúrtha ilghníomhaireachta chun moltaí a fhorbairt chun an t-aistriú seo a chur i gcrích. Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar chathaoirleach ar an ngrúpa, agus cuimsíonn sé ionadaithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí; An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim; Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, agus an Ghníomhaireacht Tithíochta. Tá an polasaí, agus na riachtanais reachtúla agus riaracháin riachtanacha á gcur i dtoll a chéile ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le tacú le haistriú custaiméirí fadtéarmacha forlíonadh cíosa go húdarás tithíochta.</p>

<p>Beidh <i>Clár Rannpháirtíochta Sóisialta agus Eacnamaíche</i> nua á thabhairt isteach ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Is é an aidhm atá ann ná aistriú ón gcur chuige atá ann faoi láthair, rud atá éighníomhach den chuid is mó, go cur chuige ina mbeidh an Roinn ag déanamh teagmhála le gach duine in aois oibre a fhaigheann leas sóisialach ag céim an éilimh thosaigh d'fhonn teagmháil níos cuimsithí a dhéanamh le daoine aonair. Caithfear tuairim is €50 milliún sa chlár seo idir 2007 agus 2013, agus €13 mhilliún tosaigh á chaitheamh sa chéad 3 bliana. Mar chuid den phróiseas seo, cuirfear bailchríoch ar thaighde atá dírithe ar <i>Chóras Náisiúnta Próifílithe</i> a fhorbairt faoi dheireadh 2008.</p>	<p>Críochnaíodh comhtháthú na Seirbhíse Leasa Pobail ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chomh maith le seirbhísí fostaíochta agus eile ó FÁS leis an Roinn Coimirce Sóisialaí in Eanáir 2012. Is é comhtháthú Sheirbhísí Fostaíochta agus Pobail FÁS agus na Seirbhíse Leasa Pobail leis an Roinn an chéad chéim thábhachtach i mbunú na Seirbhíse nua Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí (SNFT), rud ar a dtugtar Intreo anois. Cuireann seirbhís nua Intreo seirbhísí ar fáil trí shamhail soláthair 'ionad ilfhreastail' a úsáid, trínar féidir le custaiméirí leas a bhaint as gach seirbhís tacaíochta fostaíochta agus sochair trí cheann ar bith de shraith bealaí seirbhíse, oifigí poiblí, ionaid glaonna nó ar an Idirlíon. Tá Intreo i bhfeidhm faoi láthair in 14 oifig go náisiúnta agus críochnófar seo in oifigí uile na Roinne faoi dheireadh 2014.</p>
<p>Thosaigh an Tionscadal Gníomhachtaithe um Míchumas (TGM) in Eanáir 2008 tar éis dó maoiniú a fháil faoin gClár Oibriúcháin Infheistíochta um Chaipiteal Daonna de chuid CSE, 2007-2013.</p>	<p>Rinne an Tionscadal Gníomhachtaithe um Míchumas teagmháil in 2012 le Pobal chun bainistíocht a dhéanamh ar roinnt tionscadal (le cómhaoiniú CSE) faoin tionscadal seo a bheidh ar siúl go dtí Aibreán 2015. Tá na tionscadail dírithe ar léargas praiticiúil a thabhairt ar an gcaoi is fearr le teagmháil a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas agus chun ionchais fostaíochta a mhéadú. Roghnaíodh 14 thionscadal tar éis glao ar thograí. Cuimsíonn na tionscadail seo 4 théama: Teacht ar fhostaíocht a fheabhsú; dul chun cinn do dhaoine óga faoi mhíchumas; dul chun cinn do dhaoine atá faoi mhíchumas faighte; teagmháil nuálaíoch le fostóirí. Is é an caiteachas buiséadach ar na cláir chonraithe seo ná €4.1 milliún in 2013, agus breis is €7.0 milliún san iomlán. Roghnaíodh na tionscadail ar bhonn an chumais atá ann iad a phríomhshruthú. Cuirfidh an Clár Gníomhachtaithe um Míchumas foghlaim agus taithí shuntasach ar fáil maidir leis an gcaoi is fearr le dul chun cinn daoine faoi mhíchumas a chinntiú maidir le fostaíocht agus deiseanna eile.</p>
<p>Ligeann an Scéim Shóisialta Tuaithe (SST) d'fheirmeoirí agus iascairí ar bheagán ioncaim ioncam forlíontach a fháil, rud atá chun tairbhe na bpobal tuaithe trí chonláistí agus áiseanna áitiúla a choinneáil agus a fheabhsú. Soláthrófar caiteachas de thuairim is €214 milliún idir 2007 agus 2013, rud a bheidh mar leas ag tuairim is 2,600 teaghlach. Is é aidhm na scéime ná go n-éascófar sainroghanna gach rannpháirtí go meántéarmach maidir le suíomh agus cineál oibre.</p>	<p>Bhí an Scéim Shóisialta Tuaithe in ann leibhéal fostaíochta 2,600 rannpháirtí agus 130 maoirseoir a choinneáil thar an tréimhse 2011 agus 2012, le maoiniú bliantúil ar leor é chun méid inghlactha soláthair a dhéanamh tríd an scéim. Tá gach spás (mar rannpháirtí agus mar mhaoirseoir) tar éis a bheith leithdháilte agus tá cuótaí sannta do gach ceann de na comhlachtaí forfheidhmithe, dreamanna a chuireann an scéim ar fáil ar son na Roinne. Ba iad na rátaí meánacha rannpháirtíochta le haghaidh na mblianta 2007-2012 ná 2,550 rannpháirtí agus 130 maoirseoir. B'ionann caiteachas na tréimhse agus €315m.</p>
<p>Ciallóidh síneadh phróiseas an <i>Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta</i> chuig na daoine siúd atá difhostaithe le trí mhí anuas (bhí tairseach sé mhí i gceist roimhe seo) agus chuig daoine atá 55-64 bliain d'aois, ciallóidh sé go mbeifear in ann teagmháil mhéadaithe agus níos luaithe a dhéanamh.</p>	<p>Tá gnéithe móra fhreagra an Rialtais ar an ngéarchéim difhostaíochta leagtha amach sa pholasaí Conairí chun Oibre, rud atá dírithe ar a chinntiú go mbíonn an oiread agus is féidir de na folúntais fostaíochta a chruthaítear líonta ag daoine ón mBeochlár, le béim ar leith orthu siúd atá difhostaithe go fadtéarmach, nó atá i mbaol difhostaíochta fadtéarmaí. Fógraíodh polasaí Conairí chun Oibre in 2011 agus cuireadh tús leis an tseirbhís nua chomhtháite náisiúnta fostaíochta agus teidlíochta in 2012, rud a athainmníodh mar Intreo ó shin i leith. Cuimseoidh seirbhís nua Intreo athrú mór ar, agus athchóiriú institiúidí na seirbhísí tacaíochta fostaíochta agus ioncaim ar mhaithe le seirbhísí níos fearr a sholáthar do dhaoine difhostaithe trí chur chuige comhtháite. Beidh sé mar thoradh air go ndéanfar teagmháil níos rialta agus leanúnaí le daoine atá difhostaithe, trí bhainistíocht ghníomhach cásanna agus próifíliú. Tá cur chuige á chur i bhfeidhm ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) chun próifíliú a dhéanamh ar chliant nuair a fhaightear éileamh cuardaitheora poist, agus tá bainistíocht cáis á cur i bhfeidhm aici ansin ar bhonn 'aghaidh ar aghaidh', agus í bunaithe ar na sonraí próifíle. Cuireann sé seo ar chumas an RCS idirghabháil a dhéanamh go luath i dtréimhse difhostaíochta na gcliant agus acmhainní a spriocdhírú san áit a bhfuil an gá is mó leo. Tá an cur chuige teagmhála seo á nascadh le híocaíocht sochar chun seirbhís a fheabhsú do chustaiméirí, agus le cinntiú go dtairgtear cúnamh do gach duine a éilíonn Sochar Cuardaitheora Poist / Liúntas Cuardaitheora Poist, agus go mbíonn íocaíocht an tsochair ag brath ar a gcomhoibriú leis an gcúnamh seo.</p> <p>Tá spriocanna thar a bheith uailmhianach leagtha amach ag an bpolasaí Conairí chun Oibre le bheith bainte amach sna trí bliana amach romhainn.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ar mhaithe le cinntiú go bhfaighidh 75,000 de na daoine sin atá difhostaithe go fadtéarmach post faoi 2015.</li> <li>• Chun an t-achar ama meánach a chaitear ar an mbeochlár a laghdú ó 21 mí go tréimhse atá níos lú ná 12 mhí.</li> <li>• Ar mhaithe le cinntiú go bhfuil teacht ag fostóirí ar, agus go dtairgtear iarrthóirí oiriúnacha dóibh chun folúntais lánaimseartha a líonadh, agus go mbeidh comhréir na bhfolúntas a bhíonn á líonadh ag seirbhísí fostaíochta na Roinne ón mBeochlár chomh hard le 40% ar a laghad faoi 2015.</li> <li>• Ar mhaithe le cinntiú go gcomhlíonann gach duine a fhaigheann íocaíocht cuardaitheora poist a fhreagracht phearsanta teagmháil iomlán a dhéanamh leis na tacaí fostaíochta agus oiliúna a chuireann an Stát ar fáil mar réamhchoinníoll chun a íocaíochtaí leasa shóisialaigh a fháil.</li> </ul>
<p>Chuir páipéar plé an Rialtais darb ainm "Moltaí le Tacú le Tuismitheoirí Aonair" moltaí chun cinn:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• atá dírithe ar thacaí ioncaim do thuismitheoirí aonair agus do theaghlaigh eile ar bheagán ioncaim a athchóiriú, chomh maith le tacú leo gabháil d'oideachas, oiliúint agus fostaíocht.</li> <li>• le dul i ngleic le constaicí ar fhostaíocht do thuismitheoirí aonair agus teaghlaigh eile ar bheagán ioncaim. Rudaí eile a bhí san áireamh ná moltaí leathnú a dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta Fostaíochta le díriú ar thuismitheoirí aonair, soláthar dírithe cúram leanaí agus tabhairt isteach íocaíochta nua cúnaimh shóisialta do theaghlaigh ar bheagán ioncaim a bhfuil leanaí iontu. Díreoidh na moltaí ar thacaí amháil teacht ar chúram leanaí, cláir sholúbtha oiliúna agus oideachais, agus ar dheiseanna dearfacha do chustaiméirí.</li> </ul>	<p>Leanadh den chlár a ligeann do phróiseáil áitiúil ar éilimh Teaghlach Aontuismitheora (ÍTA) tarlú in oifigí áitiúla leasa shóisialaigh (OÁna) ar fud na tíre. Tá tuairim is 80% de na héilimh uile ÍTA á láimhseáil anois ag OÁna, agus an chuid eile á próiseáil in Oifigí Seirbhísí Pinsean. Tacóidh sé seo le teagmháil le thuismitheoirí aonair go háitiúil. Cé nárbh fhéidir dul chun cinn a dhéanamh leis na moltaí mar atá mínithe sa pháipéar plé, cás atá ann go páirteach mar gheall ar an gcás eacnamaíoch atá ann faoi láthair, tá na moltaí seo tar éis cur leis an bplé maidir le hathchóiriú scéim an ÍTA. Tugadh isteach athruithe reachtúla ar an ÍTA san Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2010, rud a tháinig i bhfeidhm ar 27 Aibreán 2011, nuair a tosaíodh d'íocaíocht a dhéanamh le custaiméirí nua go dtí go mbaineann an leanbh is óige 14 bliana d'aois amach. Leanadh de na leasuithe seo in 2012 leis an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2012, rud a thug athruithe isteach trínar laghdaíodh aois an linbh is óige go 7 mbliana d'aois faoi 2014 maidir le híocaíochtaí le custaiméirí nua agus 2015 maidir le custaiméirí atá á n-ioc cheana. Chuir Buiséad 2013 cur i gcrích na n-athruithe seo siar ó Eanáir go hlúil gach bliain. Nuair a shroicheann an leanbh is óige atá ag tuismitheoir aonair 7 mbliana d'aois agus más gá don tuismitheoir tacaíocht ioncaim a fháil go fóill, is féidir leis/léi iarratas a chur isteach ar an Liúntas Cuardaitheora Poist (LCP) agus na tacaí bainteacha gníomhachtaithe a bhaineann leis an íocaíocht sin a fháil. Tá na forálacha speisialta dóibh siúd a fhaigheann Liúntas Cúram Baile, rud a bhíonn iníoctha go dtí go sroicheann an leanbh 16 bliana, agus dóibh siúd a tugadh faoi mhéala le déanaí, tá na forálacha speisialta sin ann go fóill. Fógraíodh comhthionscnamh cúram leanaí i mBuiséad 2013 chomh maith idir an RCS agus an RLGó a chruthóidh breis is 6,000 spás cúram leanaí iarscoile i rith 2013, agus tosófar leagan píolótach ag tús 2013. Beidh na spásanna iarscoile seo dírithe ar theaghlaigh ar bheagán ioncaim ina bhfuil na tuismitheoirí ag baint leasa as deis fostaíochta. Cuirfidh an RCS an maoiniú €14 mhilliún ar fáil. Freastalaíonn an scéim seo ar riachtanais tuismitheoirí aonair mar thoradh ar na hathruithe ar an ÍTA a bhí san Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2012.</p>

	CSP - Níor tharla an leathnú ar mhaoiniú don CSP mar a bhí beartaithe in 'I dTreo 2016' mar gheall ar an moilliú eacnamaíoch. Níl glao oscailte ar thograí/iarratais déanta ag an gClár ó 2009. Ba é an tosaíocht a bhí ann ná acmhainní cláir a infheistiú i sealbhóirí conartha atá ann cheana, agus fócas an tsoláthair sheirbhíse a choinneáil ar phobail ina n-aithnítear bearnaí sna seirbhísí nó áit ar oiriúnaí soláthar seirbhíse a bheith déanta ag eagraíocht atá bunaithe sa phobal. Leanann tuismitheoirí aonair de bheith ar na spriocghrúpaí ar a bhfuil earcaíocht dírithe faoin gclár.
Tá an Clár Gníomhachaithe agus Tacaíochta Teaghlaigh (CGTT) á chur ar fáil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí le tacú le forbairt phearsanta, oiliúint dhian, comhairleoireacht agus tacaí eile dóibh siúd is mó atá imeallaithe. Meastar go maoineofar 420 tionscadal in aghaidh na bliana i rith shaolré an Phlean seo.	Is é cuspóir an Chláir Gníomhachaithe agus Tacaíochta Teaghlaigh (CGTT) ná maoiniú a chur ar fáil chun forbairt tionscnaimh oiliúna agus oideachais a chumasú, go háirithe i gcomhar le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí eile, le cabhrú le daoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh a n-infhostaitheacht a fheabhsú trí dheiseanna oideachais, oiliúna agus forbartha pearsanta, agus chun cáilíocht a mbeatha a fheabhsú. Tá cur ar fáil an mhaoinithe mar fhreagra go príomha ar éileamh a bhí aitheanta ag eagraíochtaí áitiúla a chuireann isteach ar mhaoiniú le haghaidh tionscadail trí Oifigeach Cásanna/Éascitheoir an RCS. Tá sé ceaptha le tionscadail aonuaire a mhaoiniú. Tagann iarratais ar mhaoiniú isteach ó réimse leathan eagraíochtaí amhail ionaid acmhainní teaghlaigh, Comhpháirtíochtaí, cuideachtaí forbartha pobail agus grúpaí abhcóideachta. Ba é an caiteachas in 2011 ná €2.82m, agus maoiníodh iomlán 288 clár agus bhí 9,122 rannpháirtí tacaíthe iontu. Tacaíodh le roinnt tionscadal ina raibh cuid mhaith rannpháirtithe in 2011 m.sh. Laethanta Eolais, Aontaí Post srl. Ba é an caiteachas sealadach ná €2.54m in 2012 agus maoiníodh iomlán 238 clár ina raibh 5,952 rannpháirtí ar tacaíodh leo.
<b>Daoine scothaosta</b>	
<b>Gníomh an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta</b>	<b>Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn, 2011 /2012</b>
Tá breithniú á dhéanamh ag an Roinn Sláinte i láthair na huaire ar thodhchaí Sholáthar an Chúraim Chónaithe do Sheanáirí ag FSS. Déanfaidh an t-athbhreithniú seo breithniú ar staid áiseanna cónaitheacha uile FSS do Sheanáirí i dtéarmaí cloí le Caighdeán agus Rialacháin Náisiúnta. Déanfaidh sí breithniú chomh maith ar bhrúnna déimeagrafacha áitiúla chomh maith, agus ar oiread an tsoláthair phoiblí agus phríobháidigh atá ann cheana, d'fhonn straitéis fhoriomlán a fhorbairt ar an gcaoi ar chóir don Fheidhmeannacht leanúint de sholáthar na seirbhíse seo i bhfianaise brúnna reatha buiséadacha agus eile.	Ar iarratas an Aire, tá FSS tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar stádas a tithe altranais fadchónaithe, agus í ag díriú ar réimsí amhail cumas cloí le caighdeán an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS), agus ceisteanna timpeallachta maidir le haois, struchtúr agus suíomh. Cuirfidh an t-athbhreithniú seo leis an bhfoirmlíú a dhéanfaidh FSS, i gcomhar leis an Roinn, ar mholadh cuimsitheach ar an gceist seo a bheidh breithnithe ag an Aire.
Déanann an Bille Sláinte, 2006, foráil chun an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) agus Oifig an Phríomhchigire Seirbhíse Sóisialta taobh istigh den ÚFCS a bhunú. Beidh freagracht reachtúil ar an bPríomhchigire as cigireacht agus clárú seirbhíse cónaitheacha do leanaí, ionaid chónaitheacha do dhaoine faoi mhíchumas, ionaid chónaitheacha do sheanáirí agus tithe altranais príobháideacha. Déanfaidh an Príomhchigire cigireacht ar na seirbhísí seo in aghaidh na gcaighdeán atá socraithe ag an ÚFCS (HIQA), agus rialacháin atá déanta ag an Aire Sláinte.	Leagtar freagracht reachtúil faoin Acht Sláinte, 2007, ar an bPríomhchigire Seirbhíse Sóisialta, duine atá mar chuid den ÚFCS, cigireacht a dhéanamh ar chatagóirí ionad sainithe agus iad a chlárú, lena n-áirítear tithe altranais do sheanáirí (idir phoiblí agus príobháideach). Tosaíodh an córas clárúcháin agus cigireachta seo ar 1 Iúil, 2009, agus d'éirigh leis an ÚFCS an chéad timthriall clárúcháin 3 bliana le haghaidh na dtithe altranais go léir a chríochnú ar 30 Meitheamh 2012.
Tá na Treoirí Náisiúnta um Chur i bhFeidhm Caighdeánaithe Pacáistí Cúram Baile a bhí forbartha ag FSS in 2010 á gcur i bhfeidhm sna hOifigí Áitiúla Sláinte (OÁSanna) go léir in 2011. Rialaíonn siad seo, agus an Creat Soláthair le haghaidh seirbhíse Cúram Baile a bhí tionscanta ag FSS in 2010, rialaíonn siad gach réimse de sholáthar cúraim ar ardchaighdeán, lena n-áirítear Measúnú Riachtanas, Teachnt, Soláthar, Monatóireacht, srl.	Tá na Treoirí Náisiúnta um Chur i bhFeidhm Caighdeánaithe Pacáistí Cúram Baile atá forbartha ag FSS á gcur i bhfeidhm sna hOifigí Áitiúla Sláinte go léir, agus tús curtha leis seo in 2011.
Is é príomhfhócas Foirne Idirghabhála Pobail (FIPanna) ná iontrálacha ineachanta ospidéal a chosc agus imeacht luath ó ospidéal a éascú trí chúram a sholáthar sa phobal. Beidh seirbhísí FIP de bhreis ar na seirbhísí pobail príomhshrutha atá ann cheana, agus díreoidh siad ar cheisteanna amhail: - Acmhainn cúram nó tacaí meara neamhleighis a chur ar fáil ar feadh tréimhse eatramhach, fad is a shocraítear seirbhísí príomhshrutha don othar ar bhonn 7 lá in aghaidh na seachtaine. Baintear seo amach trí sheirbhísí tiomanta a chur ar fáil, chun freagra láithreach a chinntiú d'othair a bhíonn aitheanta ag dochtúir mar dhaoine a bhfuil tacaí baile nua nó feabhsaithe de dhíth orthu; - An nasc idir seirbhísí pobail agus othair a scaoiltear amach as Ranna Timpistí agus Éigeandála a bhfuil tacaí pobail de dhíth orthu; - Tá sé i gceist ag FSS seirbhísí cúraim phríomhúil a fheabhsú, trí fhorbairt a dhéanamh ar FIPanna go náisiúnta i suíomhanna cúram phríomhúil faoi dheireadh 2014.	Oibríonn FIPanna i gcomhar le FCPanna, Cleachtas Ginearálta, Leapacha Freagartha Pobail, altranais pobail, seirbhísí tacaí baile, ospidéal géarmhíochaine agus soláthraithe gairmiúla, deonacha agus seachtracha eile chun seirbhísí feabhsaithe agus cúram atá dírithe ar othair sa suíomh is oiriúnaí a sholáthar. Soláthraíonn an FIP freagra tapa agus comhtháite ar othar cuí atá thíos le tréimhse ghéar bhreiteachta agus a bhfuil seirbhísí FIP de dhíth air/uirthi ar feadh tréimhse shainithe/ghearr ama (<72 uair go hídéalach) sa phobal/sa bhaile. Tá 7 FIP ag feidhmiú faoi láthair. Maoiníodh cuid acu le maoiniú 2010 agus forbraíodh cuid acu go háitiúil le socrúithe maoiniúcháin áitiúla. Amhail ar 31 Nollaig 2012, bhí beagnach 14,000 duine atreoraithe go seirbhísí FIP. Mar chuid de mhaoiniú formheasta €20m in 2012/2013 le haghaidh Cúram Príomhúil, tá €1.475m ceadaithe mar mhaoiniú le tacú le forbairt FIPanna nua.
Spregfar seanóirí agus tacófar leo teacht ar bhreiseoideachas agus ard-oideachas, agus socrófar spriocanna cuí i gcomhthéacs na moltaí ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil.	Amach ó Ógtheagmháil do lucht luathfhágála scoile agus Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) do dhaoine in aois oibre, níl aon teorainn uasta aoise i gceist le teacht ar chlár do Dhaoine Fásta agus cláir Bhreiseoideachais. Bhí tuairim is 23% de na rannpháirtithe i litearthacht do dhaoine fásta agus 18% de na rannpháirtithe sa Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (TFO) os cionn 55 bliain d'aois. Bíonn seanóirí páirteach chomh maith i ranganna a mhaoinear faoin gclár um Oideachas Pobail. Maoiníonn an clár seo ranganna ar úsáid ríomhairí (tús eolais go príomha), teangacha agus cúrsaí éagsúla de chineál caithimh aimsire trí sholáthar uaireanta teagaisc go príomha.

Ullmhófar tuarascálacha ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm Phleananna na hEanála Míchumais tar éis trí bliana (2009), agus athbhreithneofar an tAcht Míchumais tar éis cúig bliana (2010).	Leanann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil dá Plean Eanála a chur i bhfeidhm. Déantar tuairisciú débhlantúil ar dhul chun cinn an chuir i bhfeidhm trí Choiste Comhairleach Míchumais na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá roinnt gníomhartha tosaíochta seolta isteach ag an Roinn le déanaí le cur san áireamh i bPlean Feidhmithe Straitéis nua Náisiúnta Míchumais an Rialtais, rud atá á forbairt ag an Roinn Dlí agus Cirt.
Tá foráil déanta san Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, chun Pleananna Seirbhísí Tithíochta a dhéanamh a chuirfidh bonn reachtúil le Pleananna Gníomhaíochta Tithíochta na n-údarás áitiúil. <u>Tosóidh an soláthar seo in am trátha.</u>	Leanann údaráis áitiúla dá bPleananna Gníomhaíochta Tithíochta a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le clár chomhaontaithe tithíochta, lena n-áirítear freastal ar riachtanais grúpaí leochaileacha ar leith. Tuairiscítear dul chun cinn an chuir i bhfeidhm go bliantúil trí chruinnithe Plean Gníomhaíochta Tithíochta idir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus na húdaráis áitiúla.
Leanfaidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil de thosaíocht a dhéanamh de na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh na ndéontas atá ar fáil do Sheanálaí agus do Dhaoine faoi Mhíchumas, le cur ar a gcumas leanúint de mhaireachtáil neamhspleách agus fanacht ina n-áiteanna cónaithe agus ina pobail chomh fada agus is féidir.	Cuireadh maoiniú iomlán 76.7 milliún ar fáil in 2011 faoi shraith na Scéimeanna Deontais le haghaidh Oiriúnú Tithíochta, agus iocadh tuairim is 11,787 deontas. Níl miondealú mionsonraithe ar fáil go fóill le haghaidh 2012, ach soláthraíodh tuairim is €67 milliún de chaipiteal iomlán, agus táthar ag súil leis gur iocadh tuairim is 9,000 deontas in 2012.
Beidh seirbhísí chun slándáil fheabhsaithe bhaile, coigilt fuinnimh agus bearta eile a sholáthar do sheanálaí leochaileacha ina ngníomhaíocht tosaíochta go fóill taobh istigh den Scéim um Thacaí Pobail do Sheanálaí. Tá sé beartaithe iarratais a mhaoiniú do thuairim is 5,000 duine in aghaidh na bliana. Tugadh Scéim Foláirimh na Seanóirí isteach in 2010. Leanann an Scéim Foláirimh do Sheanálaí dá haidhm tacaíocht phobail a spreagadh do sheanálaí leochaileacha.	Ba é an maoiniú a leithdháileadh don Scéim Foláirimh do Sheanálaí in 2011 ná €2.47 milliún, rud a mhaoinigh 422 grúpa a chabhraigh le 7,910 tairbhí sa bhliain sin. Caitheadh €2.52 milliún breise in 2012, méid a mhaoinigh 498 grúpa a chabhraigh le 9,142 tairbhí le fearais.
Méadófar leibhéal an Liúntais do Dhuine Fásta Cáilithe do chéilí pinsinéirí go leibhéal an Phinsin Stáit (neamhranníocaigh) faoi 2009.	Coinníodh na rátaí.
Spreagfar agus éascófar rannpháirtíocht leanúnach seanóirí sa mhargadh saothair le dul i ngleic le dúshlán sochaí atá ag dul in aois. Cabhróidh seirbhísí oiliúna agus comhairleacha le seanóirí ar mian leo filleadh ar, nó leanúint dá gcuid oibre. Tá na seirbhísí seo á gcur ar fáil taobh istigh de sheirbhísí foriomlána na Roinne Coimirce Sóisialaí, go háirithe tríd an bpróiseas coisccheach, agus trí oiliúint agus feabhsú scileanna.	Tá an polasaí le haghaidh seanóirí atá dífhostaithe mar an gcéanna leis an bpolasaí le haghaidh na ndaoine eile go léir atá dífhostaithe, i gcomhréir leis an bPolasaí Conairí chun Oibre (.i. tá an fócas ar chabhrú le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, nó leo siúd atá i mbaol dífhostaíochta fadtéarmaí agus iad ar an mBeochlár faoi láthair).
<b>Daoine faoi Mhíchumas</b>	
<b>Gníomh an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta</b>	<b>Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn, 2011 /2012</b>
Déanfar dul chun cinn maidir le ceisteanna a bhaineann le costas míchumais i gcomhthéacs: <ul style="list-style-type: none"> <li>na forbartha ar phróiseas an mheasúnaithe ar riachtanais, rud a bhunófar faoi Chuid 2 den Acht Míchumais, 2005, (rud a thosóidh faoi lár 2007);</li> <li>na deiseanna le haghaidh cuichóiriú agus forbairt fíochtaí tar éis aistriú na scéimeanna cothabhála ioncaim maidir le míchumas ó FSS go dtí an Roinn Coimirce Sóisialaí; Déanfar foráil le haghaidh aistriú na scéimeanna seo sa Bhille Leasa Shóisialaigh, 2008;</li> <li>an Suirbhé Míchumais, rud a fhoilseofar in 2007;</li> <li>déanfaidh an grúpa idir-rannach ar chostais míchumais maoirseacht ar na forbairtí seo.</li> </ul>	<b>Freagra na Roinne Oideachais agus Scileanna:</b> Tar éis do bhreithniú a bheith déanta ar thuarascáil na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), agus dul i gcomhairle le comhpháirtithe oideachais, d'aithin an Roinn Sláinte, FSS agus an Roinn Oideachais agus Scileanna réimse roghanna le haghaidh chur i bhfeidhm an Acha um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Orthu (ODRSO). Is é tuairim na Roinne ná go mbeadh an méid infheistíochta a mbeadh gá leis níos mó ná a méid atá beartaithe i dtuarascáil an CNOS. I bhfianaise an cháis eacnamaíoch atá ann faoi láthair, ní féidir leanúint ar aghaidh leis an gcur i bhfeidhm iomlán mar a bhí beartaithe ó thús. Iarradh ar an CNOS comhairle chuimsitheach pholasaí a chur ar fáil maidir leis an gcaoi is fearr ar féidir leis an gcóras oideachais tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu. Treoróidh an chomhairle seo ullmhú plean ar an gcaoi ar féidir réimsí de ODRSO a chur i bhfeidhm, amhail tosaíocht a dhéanamh de theacht do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta orthu ar phlean oideachais ar leith, mar shampla. Tá na hearnálacha oideachais agus sláinte ag cur chuige go comhtháite chun acmhainní a spriocdhíriú ar na réimsí is mó gátar. Leanann Foireann Trasearnála d'athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn sa dá earnáil, dream a chuimsíonn ionadaithe: ón Roinn Oideachais agus Scileanna, Sláinte, Leanáil agus Gnóthaí Óige, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Bunaíodh Foireann Thrasearnála in 2006 chun comhchur chuige ag an Roinn Sláinte agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an Acha um Míchumas, 2005, agus an Acha um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Orthu (ODRSO), 2004. Tosaíodh Cuid 2 den Acht um Míchumas, 2005, ar 1 Meitheamh 2007 maidir le leanaí faoi bhun cúig bliana d'aois. Bhí sé beartaithe an tAcht um Míchumas, 2005, agus an tAcht um ODRSO, 2004, a chur i bhfeidhm go hiomlán i rith 2010 maidir le leanaí agus daoine óga idir 5 agus 18 mbliana d'aois. Ach chinn an Rialtas in 2008 cur i bhfeidhm an dá Acht a chur siar tuilleadh mar gheall ar an gcás airgeadais. Ina ainneoin seo, leanann an Fhoireann Trasearnála de theacht le chéile le díriú ar ábhair bhuartha fhrithpháirteacha maidir le leanaí faoi mhíchumas. Ní féidir leis an Roinn Coimirce Sóisialaí aistriú Liúntas Leasa Forlíontach na nDall a dhéanamh toisc tosaíochtaí eile agus srianta acmhainní. Tá ceisteanna polasaí agus oibriúcháin maidir leis an Liúntas So-
Ullmhófar tuarascálacha ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm Phleananna na hEanála Míchumais tar éis trí bliana (2009), agus athbhreithneofar an tAcht Míchumais tar éis cúig bliana (2010).	<b>Freagra na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha:</b> Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar dhul chun cinn maidir le comhlíonadh gealltanais inár bPlean Eanála ar bhonn rialta. Cuireadh dara tuarascáil an Choiste Monatóireachta ar dhul chun cinn Phlean Eanála Míchumais na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha faoi bhráid an Aire i Samhain 2009, agus bhí an coiste páirteach ó shin i bhfoirmliú an Phlean Feidhmithe nua um Míchumas.
	<b>Freagra na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil:</b> Leanann an Roinn dá Plean Eanála a chur i bhfeidhm. Déantar tuairisciú débhlantúil ar dhul chun cinn an fheidhmithe trí Choiste Comhairleach Phlean Eanála an Acha um Míchumas. Tá roinnt gníomhartha tosaíochta seolta isteach ag an Roinn le déanaí le cur san áireamh i bPlean Feidhmithe Straitéis nua Náisiúnta Míchumais an Rialtais, rud atá á forbairt ag an Roinn Dlí agus Cirt.

	<p><b>Freagra na Roinne Coimirce Sóisialaí</b> - Cheap an tAire um Míchumas, Comhionannas, Meabhairshláinte agus Seanóirí dhá ghrúpa nua i Samhain 2011 le cabhrú léi i gcur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais, is iad sin, Grúpa Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta Míchumais (rud ina bhfuil 10 Roinn Rialtais páirteach) agus an Grúpa Náisiúnta Páirtithe Leasmhara Míchumais. Is próiseas ar leith é seo, ach cuireann sé leis na Pleananna Earnála. Tá an Roinn Coimirce Sóisialaí tar éis na gníomhartha is mian léi a bheith san áireamh i bPlean Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta Míchumais a sheoladh isteach anois, rud atá sceidealta le bheith glactha ag na páirtithe go léir in Aibreán 2013. Cuimseoidh an Plean nósanna imeachta foirmiúla monatóireachta ar na gníomhartha céanna. Tá gníomhartha Phlean Earnála na Roinne Coimirce Sóisialaí (2010 - 2012) tar éis a bheith comhchuimsithe i bPlean Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta Míchumais. Nuair a bheidh an dara ceann acu sin glactha ag na Ranna Rialtais rannpháirteacha agus ag an nGrúpa Náisiúnta Páirtithe Leasmhara Míchumais, agus nuair a bheidh an Plean Feidhmithe foilsithe, déanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí athmheas ar a Plean Earnála.</p>
<p>Cuirfear an tAcht um Míchumas i bhfeidhm do na leanaí siúd ó 5-18 mbliana d'aois i ndiaidh chur i bhfeidhm an Achte um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Orthu (ODRSO), 2004. Tá cur síos déanta ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ar na céimeanna a thabharfar chun an cur i bhfeidhm a éascú de réir a chéile ar aghaidh go dtí 2010.</p>	<p>Tar éis do bhreithniú a bheith déanta ar thuarascáil na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), agus dul i gcomhairle le comhpháirtithe oideachais, d'aithin an Roinn Sláinte, Leanaí agus Gnóthaí Óige, FSS, agus an Roinn Oideachais agus Scileanna réimse roghanna le haghaidh chur i bhfeidhm an Achte um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Orthu (ODRSO). Is é tuairim na Roinne ná go mbeadh an méid infheistíochta a mbeadh gá leis níos mó ná a méid atá beartaithe i dtuarascáil an CNOS. I bhfianaise na staide airgeadais atá ann faoi láthair, ní féidir leanúint ar aghaidh leis an gcur i bhfeidhm iomlán mar a bhí beartaithe ó thús.</p> <p>Iarradh ar an CNOS comhairle chuimsitheach pholasaí a chur ar fáil maidir leis an gcaoi is fearr ar féidir leis an gcóras oideachais tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu. Treoróidh an chomhairle seo ullmhú plean ar an gcaoi ar féidir réimsí de ODRSO a chur i bhfeidhm, amhail tosaíocht a dhéanamh de theacht do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta orthu ar phlean oideachais ar leith, mar shampla.</p> <p>Tá glactha ag na hearnálacha oideachais agus sláinte le cur chuige comhtháite, chun acmhainní a dhírú ar na réimsí is mó gátar. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar dhul chun cinn sa dá earnáil ag Foireann Thrasearnála a chuimsíonn ionadaithe: ón Roinn Oideachais agus Scileanna, Sláinte, Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.</p>
<p>Beidh straitéis chuimsitheach fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas forbartha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) faoi 2010.</p>	<p>Chuaigh an Grúpa Trasearnála um Straitéis Fostaíochta do Dhaoine faoi Míchumas in éag nuair a aistríodh na freagrachtaí go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna agus go dtí an Roinn Coimirce Sóisialaí ó FÁS mar chuid den Phróiseas Claochlaithe. Bhí ról agus feidhm an Ghrúpa Trasearnála comhchuimsithe i Samhain 2011 i nGrúpa Feidhmithe na Straitéise Náisiúnta Míchumais, rud atá á stiúradh ag an Aire um Míchumas, Comhionannas, Meabhairshláinte agus Seanóirí, agus tá an grúpa seo ag forbairt plean feidhmithe 3 bliana. Tá sé beartaithe é seo a fhoilsiú ag tús nó lár 2013.</p>
<p>Aithníonn an Plean Náisiúnta um Chothromas Teachta ar Ardoideachas, 2008-2013, sé sprioc agus gníomhartha gaolmhara sna príomhréimsí seo a leanas; réasúnaíocht Teachta a chur in iúl; tacú le forbairt creat náisiúnta polasaithe agus tionscnamh chun teacht a bhaint amach; bealaí breise teachta agus dul chun cinn go hardoideachas a chruthú; cleachtais teagaisc agus foghlama; tacaíocht airgeadais agus acmhainní agus cás a dhéanamh ar son creat bailithe sonraí agus measúnachta atá níos láidre chun comhairle a chur ar fáil maidir leis na spriocanna forbartha agus táscairí dul chun cinn.</p>	<p><b>(i) Eolas agus tacaíocht airgeadais do mhic léinn faoi mhíchumas</b></p> <p>Bhí fás leanúnach ar líon na mac léinn faoi mhíchumas atá ag gabháil d'ard-oideachas (ó 4.2% de na hiontrálaithe in 2007 go 6% in 2011) i rith chúrsa an Phlean Náisiúnta Teachta. Tá méadú 80% tagtha ar líon na mac léinn a dtugtar tacaíocht dóibh tríd an gCiste do Mhic Léinn faoi Míchumas ó 2007, agus leithdháileadh €11.7 milliún in 2011 le tacú le rannpháirtíocht 6,800 mac léinn i mbreisoideachas agus ard-oideachas. Seans go molfadh athbhreithniú ar an gCiste in 2012 (ar feitheamh) athruithe breise ar pholasaí agus cleachtas a thacaíonn le mic léinn faoi mhíchumas. Leanann studentfinance.ie de bheith mar fhoinsé eolais ar thacaíocht airgeadais do mhic léinn, mic léinn faoi mhíchumas san áireamh.</p> <p><b>(ii) Mic léinn faoi mhíchumas: dul chun cinn ón dara leibhéal go breisoideachas agus ard-oideachas</b></p> <p>Tá sé mar aidhm ag cuimsiú an Bhealaigh Teachta um Míchumas (BTM) mar chuid de phríomhphróiseas an LOI (CAO) deiseanna a chur chun cinn le haghaidh dul chun cinn daltaí ag an dara leibhéal. Tá an obair ar an mbealach seo á comhordú ag Líonra oifigigh míchumais (DARE) ó institiúidí an Bhealaigh Teachta ar Ard-Oideachas (BTAO). Tá cuspóirí, tionchar agus cur chuige oibriúcháin na n-oifigeach míchumais seo á measúnú go foirmiúil in 2012-2013. Rinne oifigigh míchumais comhordú chomh maith in 2011 agus 2012 ar aonach 'roghanna níos airde' do dhaltáí faoi mhíchumas i meánscoileanna ar mian leo dul ar aghaidh go hardoideachas. Éascaíonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu agus atá ag gabháil d'oideachas dara leibhéal agus breisoideachas dul ar aghaidh go dtí ard-oideachas chomh maith.</p> <p>Leanann an tÚdarás um Ardoideachas (ÚAO) agus institiúidí ard-oideachais in 2011 agus 2012 de thacú le hobair an Chumainn um Theacht ar Ardoideachas agus Míchumas (CTAM/AHEAD). Tá ról tábhachtach ag an CTAM i soláthar eolais agus comhairle neamhspleáiche do dhaltáí/mic léinn faoi mhíchumas ag an dara agus an tríú leibhéal, agus i soláthar oiliúint foirne san ard-oideachas. Tá roinnt foilseachán curtha ar fáil ag an CTAM a chuireann treoir ar fáil ar dhea-chleachtais i bpolasaithe agus tacaí do mhic léinn faoi mhíchumas. Chuimsigh sé seo obair ar fhorbairt treoirilínte in 2011-2012 le tacú le teacht daltaí faoi mhíchumas ar ard-oideachas agus oiliúint d'altraí agus múinteoirí.</p>
<p>Leagann an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Míchumas, 2011-2016, amach creat le haghaidh soláthar beartaithe tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas trí pholasaí tithíochta príomhshrutha. Is é is aidhm don straitéis ná tacú le daoine faoi mhíchumas maireachtáil chomh neamhspleách agus is féidir, chomh maith le tacú le polasaí an Rialtais ar dhí-institiúidí daoine faoi mhíchumas go socruithe cónaithe níos oiriúnaí atá bunaithe sa phobal.</p>	<p>Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Míchumas i nDeireadh Fómhair 2011, agus foilsíodh an Creat Feidhmithe tacaíochta in Iúil 2012.</p> <p>Tá tús curtha ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Tithíochta, le hobair ar na gníomhartha tosaíochta atá sa Chreat Feidhmithe. Tá creat láidir monatóireachta agus tuairiscithe bunaithe, agus tá monatóireacht á dhéanamh ar an dul chun cinn ag Grúpa Monatóireachta Feidhmithe.</p>

<p>Príomhchuspóir den pholasáí iompair ná inrochtaineacht an chórais iompair phoiblí a chinntiú, trí bhusanna cathrach atá go hiomlán inrochtana a chur ar fáil, chomh maith le teacht feabhsaithe ar stáisiúin bus agus traenach i gcomhréir le Plean Eanála na Roinne Iompair faoin Acht um Míchumas, 2005. Ar na bearta atá i gceist, tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Athsholáthar cóistí de chuid Bhus Éireann agus oibreoirí príobháideacha nach bhfuil inrochtana le cóistí atá inrochtana do dhaoine atá thíos le lagú soghluaisteachta, céadfach agus coigníoch faoi 2015;</li> <li>- Gach bus uirbeach a dhéanamh inrochtana do dhaoine atá thíos le lagú soghluaisteachta, céadfach agus coigníoch faoi 2012;</li> <li>- Gach seirbhís traenach idiruirbeach do phaisinéirí nach mór a dhéanamh inrochtana do dhaoine atá thíos le lagú soghluaisteachta, céadfach agus coigníoch faoi 2009.</li> </ul>	<p><b>Bus Éireann</b>  Busanna urláir ísil ar féidir le cathaoireacha rothaí teacht orthu ar 100% de na seirbhísí cathrach, agus 52% i gcás an fhlíit Coistí Idirchathracha. Is é polasáí na Cuideachta gan ach busanna/cóistí ar féidir le cathaoireacha rothaí teacht orthu a cheannach amach anseo. Tá ceithre bhealach cóiste atá inrochtana do chathaoireacha rothaí á n-oibriú chomh maith agus tá tuilleadh acu pleanáilte le haghaidh 2013.</p> <p><b>Bús Átha Cliath</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Is busanna inrochtana urláir ísil do chathaoireacha rothaí iad 100% dá fhlíit anois.</li> <li>• Tugadh isteach comharthaí aitheantais ar chuailí bus le cabhrú le daoine ar lagamharc, agus le cabhrú le soláthar córais eolais fóir-ama do phaisinéirí.</li> <li>• Tá uasghrádú déanta ar 60% de na stadanna bus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC).</li> </ul> <p><b>Iarnród Éireann</b>  Tá 100% dá fhlíit do phaisinéirí ag cloí go forleathan leis na caighdeáin inrochtaineachta agus tá uasghrádú inrochtaineachta déanta ar 79 (na príomhchinn go léir san áireamh) ar a laghad as 143 stáisiún traenach.</p> <p><b>Oibreoirí Príobháideacha</b>  Tá busanna urláir ísil á n-úsáid ag roinnt oibreoirí príobháideacha chomh maith.</p>
<p><b>Pobail</b></p>	
<p><b>Gníomh an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta</b></p> <p>Leanfaidh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh de theaghlaigh a neartú trí thacú le heagraíochtaí deonacha a chuireann seirbhísí pósta, caidrimh, leanaí agus comhairleoireachta méala ar fáil chomh maith. Déanfar scrúdú ar mholtaí an Athbheithnithe ar an Scéim Deontais d'Eagraíochtaí Deonacha a chuireann Seirbhísí Pósta, Leanaí agus Comhairleoireachta Méala ar fáil, agus cuirfear i bhfeidhm iad de réir mar is cuí.</p>	<p><b>Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn, 2011 /2012</b></p> <p>Cuireann an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh (GTT) maoiniú ar fáil faoin Scéim Deontais d'eagraíochtaí deonacha agus pobail a chuireann seirbhísí pósta, leanaí agus comhairleoireachta méala ar fáil. Is é an aidhm ná tacú le leanúnachas agus cobhsaíocht i saol an teaghlaigh. Tacaíonn na deontais le heagraíochtaí deonacha náisiúnta agus áitiúla cabhrú le daoine déileáil le deacrachtaí caidrimh, le cabhrú le leanaí a ndeachaigh scaradh a dtuismitheoirí i bhfeidhm orthu, agus le tacú le teaghlaigh a bhfuair duine muinteartha dá gcuid bás.</p> <p>Tá tuairim is 600 eagraíocht á maoiniú ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh gach bliain, lena n-áirítear 28 eagraíocht mhór a aithníodh le haghaidh maoiniú ilbhliantúil. Chuir an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh maoiniú iomlán €10.678m ar fáil in 2011, agus €9.413m in 2012 don tionscnamh seo.</p> <p>Aistrefar an Scéim Deontais Comhairleoireachta mar fheidhm den Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh go dtí an Ghníomhaireacht nua um Thacaíocht Leanaí agus Teaghlaigh nuair a bhunófar í.</p>
<p>Oibreoidh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh leis na Boird Forbartha Contae agus Cathrach chun cur chuige níos comhtháite a chinntiú i leith soláthar seirbhísí le haghaidh cuimsiú sóisialta agus iad dírithe ar theaghlaigh, rudaí a chuirfear ar fáil trí na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh.</p>	<p>Oibríonn an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh Clár na nIonad Acmhainní Teaghlaigh. Is é aidhm Chlár na nIonad Acmhainní Teaghlaigh ná dul i ngleic le míbhuntáiste agus feabhsú a dhéanamh ar fheidhmí an aonaid teaghlaigh. Maoiníonn an clár seo 106 ionad acmhainní teaghlaigh ar fud na tíre. Leagann sé béim ar rannpháirtíocht pobal áitiúil i ndul i ngleic leis na fadhbanna a bhíonn acu, agus i gcruthú comhpháirtíochtaí rathúla idir gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla sa phobal. Chuir an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh maoiniú €15.897m ar fáil in 2011, agus €15.102m in 2012 don chlár seo.</p> <p>Aistrefar Clár na nIonad Acmhainní Teaghlaigh mar fheidhm den Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh go dtí an Ghníomhaireacht nua um Thacaíocht Leanaí agus Teaghlaigh nuair a bhunófar í in 2013.</p>
<p>Déanfar athbheithniú ar an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh in 2007. Chomh maith leis sin, leanfar de leathnú a dhéanamh ar an tseirbhís le freastal ar an éileamh aitheanta. Éascóidh an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh úsáid idirghabhála i ndíospóidí teaghlaigh ar mhaithe leis an bpróiseas dlí a luathú, costais a laghdú agus laghdú a dhéanamh ar strus a bhaineann le himeachtaí conspóidte cúirte.</p>	<p>Aistríodh an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh (SIT) ón nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh go dtí an Bord um Chúnamh Dílíthiúil i Samhain 2011. Bhí sé seo i gcomhréir le gealltanas an Rialtais úsáid idirghabhála i ndíospóidí teaghlaigh a éascú ar mhaithe leis an bpróiseas dlí a luathú, costais a laghdú agus laghdú a dhéanamh ar strus a bhaineann le himeachtaí conspóidte cúirte.</p>
<p>Leanann an Oifig um Chur Chun Cinn Imeachthar Imirceach (OCCCI) (Oifig an Aire um Imeachthar roimhe seo) de thacú le agus bearta/gníomhartha frithchíochais a chur chun cinn, agus iad dírithe ar imeascadh imirceach:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Straitéis Oideachais Idirchultúrtha (2010-2015);</li> <li>• Straitéis Ilchineálachta d'Eanáil na nEalaíon;</li> <li>• D'fhorbair an Garda Síochána Straitéis Ilghnéitheachta agus Plean Feidhmithe (2009 -2012);</li> <li>• Mhainigh an Oifig um Chur Chun Cinn Imeachthar Imirceach, in éineacht leis an Údarás Comhionannais, mhainigh siad straitéis éagsúlachta in ionaid oibre, le tacú le hionaid oibre imeasctha;</li> <li>• Bunaíodh Comhairle Aireachta in 2010 chun comhairle a chur ar an Aire faoi fhadhbanna a bhíonn ag imircigh in Éirinn.</li> </ul>	<p>Leanann an Oifig um Chur Chun Cinn Imeachthar Imirceach (OCCCI) de ghealltanas an Rialtais maidir le himeascadh imirceach a chur i bhfeidhm go leanúnach, go háirithe trí chúnamh airgeadais do thionscadail a chuireann imeascadh imirceach chun cinn agus a théann i ngleic le ciníochas.</p> <p>Cuireadh tuairim is €1,295,844 de mhaoiniú ar fáil d'eagraíochtaí (údarás áitiúla, comhlachtaí spóirt agus eagraíochtaí neamhrialtasacha go príomha) in 2012 chun imeascadh agus caoinfhulaingt a chur chun cinn. Tá sé seo ar an scála céanna le 2011. Lean an Oifig d'imircigh agus grúpaí ionadaíochta a choinneáil ar an eolas faoi acmhainní nua suime a fhorbraítear, athruithe ar choinníollacha scéimeanna éagsúla agus ábhair a fhorbraítear go speisialta d'imircigh i réimse teangacha éagsúla trína suíomh gréasáin agus a liostaí seachadta. Samplaí de chuid de na tionscnaimh a dtugann an OCCCI tacaíocht dóibh ná:</p> <p>Fuair an <b>Clár FDPI (EPIC)</b> (Fostaíocht Daoine ó Phobail na nImirceach), rud atá bainistithe ar son an OCCCI ag Gnó sa Phobal, fuair sé breis is €444,000 de mhaoiniú in 2012 le cabhrú le himircigh leochaileacha teacht ar fhostaíocht nó oiliúint bhreise. Cuimsíonn an clár seo oiliúint sa Bhéarla le haghaidh oibre, scileanna agallaimh, maireachtáil agus obair in Éirinn agus TF. Íocann Ciste Sóisialta na hEorpa leath den chaiteachas seo.</p> <p>Is tionscadal nuálaíoch eile é <b>Fáilte Isteach</b> a dtacaíonn an OCCCI leis. Is tionscadal pobail é ina mbíonn oibríthe deonacha atá níos sine ag cur fáilte roimh imircigh nua trí ranganna comhrá Béarla. Tá tuairim is 50 tionscadal de chuid 'Fáilte Isteach' ar fud na tíre. Múineann breis is 540 múinteoir deonach breis is 1,600 mac léinn ó bhreis is 63 tír, agus iad ag tairiscint os cionn míle uair theagaisc gach seachtain le chéile. Oibríonn 'Fáilte Isteach' ar na constaicí a bhíonn roimh imircigh agus pobail a shárú, trí lámh chairdiúil agus dea-thoil a shíneadh tríd an mbealach praiticiúil, fáiltiúil agus cuimsitheach ina gcuirtear an clár ar fáil. Bronnadh maoiniú €126,420 ar an tionscadal seo in 2012. Cuireadh iomlán €484,830 ar fáil don tionscadal ó 2008.</p>

	<p>Tá tacaíocht airgeadais curtha ar fáil ag an Oifig chomh maith d'fhóiraim áitiúla na n-imirceach. Is deis iad na fóiraim seo d'imircigh ó chultúir agus cúlraí éagsúla teacht le chéile chun a n-eispéireas imeasctha a phlé. Is féidir le rannpháirtithe a dtuairimí a nochtadh agus ceisteanna a tharraing anuas a théann i bhfeidhm ar imircigh go laethúil. Bíonn sé mar aidhm ag fóiraim na n-imirceach a chinntiú go bhforbraítear pleananna agus polasaithe comhleanúnacha áitiúla/réigiúnacha a dhíríonn ar riachtanais shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha na ngrúpaí mionlaigh eitnigh sa cheantar. Tá cur i bhfeidhm straitéisí ilchultúrtha a forbraíodh i roinnt earnálacha amhail Sláinte, Oideachas, na Gardaí agus an t-ionad oibre ar siúl go leanúnach.</p>
<p>Éascóidh agus tacóidh Póilíneacht Phobail le hidirghníomhú idir an Garda Síochána, na húdaráis áitiúla agus pobail áitiúla, le díriú ar cheisteanna áitiúla póilíneachta. Ní hamháin go gcabhróidh Póilíneacht Phobail leis an Stát a fhreagra foriomlán coiscithe coireachta a fhorbairt, ach feidhmeoidh sí chomh maith mar mhodh praiticiúil le tacú le cumas na bpobal áitiúil páirt fhiúntach a ghlacadh i gcos na coireachta.</p>	<p>Leanann an tSamhail Náisiúnta Póilíneachta Pobail de chur chuige struchtúrtha agus comhleanúnach i leith póilíneacht phobail a chur ar fáil, agus cuireann sí leis an gcur chuige i leith póilíneachta ar fud na tíre. Ba é líon na n-oifigeach tiomanta Póilíneachta Pobail amhail ar 31 Eanáir 2013 ná 1,029. Leanann na Gardaí d'obair go dlúth le gach pobal chun sábháilteacht phobail a fheabhsú trí réimse leathan fóram áitiúil, lena n-áirítear Comhchoistí Póilíneachta agus cláir amhail Pobal ar Aire agus Faire Comharsanachta. Leagadh béim ar ghealltanús leanúnach na nGardaí sa réimse seo in Eanáir 2013 nuair a síníodh Meamram Tuisceana nuashonraithe idir an Garda Síochána agus Muintir na Tíre, dream a riarann an Clár Pobail ar Aire. In éineacht leis sin, tá leabhrán nua ar Chláir Choiscthe Coireachta sa Phobal foilsithe ag na Gardaí, le tacú le bunú agus oibriú Pobail ar Aire, Faire Comharsanachta agus tionscnaimh chomhchosúla áitiúla choiscthe coireachta.</p>
<p>Luaigh an Páipéar Uaine ar pholasaí fuinnimh a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2006 tiomantas an Rialtais bochtaineacht breosla a laghdú. Díreofar tuilleadh ar an gceist seo de réir mar a fhorbraítear an próiseas reatha ceaptha polasaí fuinnimh trí chéim chomhairliúcháin an Pháipéir Uaine agus trí fhoilsiú agus cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin.</p>	<p>Leanfar de chur i bhfeidhm na Straitéise Fuinneamh Inacmhainne i gcomhréir leis na hamlínte atá san áireamh sa tuarascáil.</p>
<p>Cuirfidh an Clár Leathanbhanda suiteáil líonra leathanbhanda chun cinn ar fud an gheilleagair thuaithe le cinntiú go mbeidh sé ar fáil ar fud na tuaithe in Éirinn. Is é an infheistíocht iomlán tháscach a dhéanfar i rith na tréimhse ó 2007-2013 ná €435 milliún.</p> <p><b>An Plean Náisiúnta Leathanbhanda:</b> Geallann an Plean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL) go gcuirfear leathanbhanda ardluais ar fáil do gach saoránach agus gnó ar fud na tíre.</p> <p><b>Clár 100M/giotán chuig Scoileanna:</b> Beidh nasc leathanbhanda 100Mbps suiteáilte i ngach meánscoil faoi dheireadh 2014 trí thionscadal atá cómhaoinithe ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (D/CFAN) agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (R/OS). Tá sé seo ag teacht sna sála ar thionscadal rathúil píolótach atá ar siúl i 78 meánscoil roghnaithe ó 2009. Críochnófar an feidhmiú náisiúnta de réir a chéile, agus beidh 203 scoil nasctha faoi dheireadh 2012, tuairim is 200 scoil nasctha in 2013, agus an 250 scoil atá fágtha le bheith nasctha in 2014.</p> <p><b>An Scéim Leathanbhanda Tuaithe:</b> Cuireadh an Scéim Leathanbhanda Tuaithe ar bun ionas go bhféadfaí seirbhís bhunúsach leathanbhanda a chur ar fáil d'áitribh thuaithe ar leith nach raibh in ann seirbhís leathanbhanda a fháil ó na soláthraithe seirbhís idirlín atá ann cheana.</p>	<p><b>An Plean Náisiúnta Leathanbhanda:</b> Sheol an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an Plean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL) ar 30 Lúnasa 2012. Beartaíonn an PNL go mbeadh lucht tionscail mar phríomhthiománaí na hinfeistíochta agus nach mbeadh páirt ag an Stát ann ach i gcás go dteipfeadh ar an margadh. In éineacht le hinfeistíocht, tá gníomhartha sa PNL a bhaineann le roinnt réimsí eile: spreagadh éilimh; baint bacainní bonneagair; polasaí speictrim; cion oibre féideartha aonáin Stáit agus; polasaí agus rialáil. Tá an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag obair go dlúth leis na Ranna agus Gníomhaireachtaí bainteacha chun na gníomhartha seo a chur i gcrích.</p> <p><b>Clár 100M/giotán chuig Scoileanna:</b> 195 scoil nasctha faoi dheireadh 2012.</p> <p><b>An Scéim Leathanbhanda Tuaithe:</b> Seoladh an Scéim Leathanbhanda Tuaithe (RBS) i mBealtaine 2011 agus fuarthas iomlán 3700 iarratas bailí. Astu seo, thoiligh 2011 iarratasóir glacadh le tairiscintí ó sholáthraithe seirbhís idirlín tráchtála atá páirteach sa Scéim. Rinneadh tairiscintí seirbhísí d'iarratasóirí sa tréimhse ó Aibreán go Iúil 2012 agus ghlac iomlán 509 iarratasóir le tairiscintí seirbhíse. Is féidir sonraí iomlána thoradh na Scéime a aimsiú ag: <a href="http://www.dcenr.gov.ie/Communications+Development/Rural+Broadband+Scheme/Rural+Broadband+Scheme.htm">http://www.dcenr.gov.ie/Communications+Development/Rural+Broadband+Scheme/Rural+Broadband+Scheme.htm</a></p> <p>Tá an 27 Líonra Achar Cathrach (LAC/MAN) go léir de chuid Chéim I agus 59 den 60 LAC de chuid Chéim II faoi cheannas e/net. Críochnófar an LAC (MAN) deiridh (Cionn tSáile) in 2013.</p>
<p>Infheisteoidh an Clár Gaeltachta agus Oileán tuairim is €457 milliún idir 2007 agus 2013 i mbonneagar agus forbairt fiontraíochta sa Ghaeltacht agus i bpobail ar n-oileán. Cuirfidh an infheistíocht seo tairbhí inláimhsithe ar fáil ar fud réimse tionscadal agus gníomhaíochtaí, mar shampla: teacht níos fearr don phobal agus seachthairbhí gaolmhara eacnamaíocha ó fheabhsuithe bóithre agus céanna; deiseanna fostaíochta ar chaighdeán níos airde agus atá níos inbhuanaithe mar thoradh ar infheistíocht i dtógáil agus uasghrádú spás oifige agus monarchan; caighdeán mhaireachtála fheabhsaithe trí áiseanna agus seirbhísí feabhsaithe pobail a chur ar fáil; caomhnú na teanga agus an chultúir náisiúnta.</p>	<p>Is é aidhm chlár na n-oileán ná forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh agus bearta éagsúla agus iad a chur i bhfeidhm, rudaí atá dírithe ar thacú le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch na n-oileán mara a bhfuil daoine ina gcónaí orthu, ar mhaithe le cinntiú go mairfidh siad mar phobail innmharthana. Ba é an caiteachas caipitil ar na hoileáin sa tréimhse seo ná €4.3m, agus críochnaíodh athfhorbairt chuan Chill Rónáin/Inis Mór, rud a bhí maoinithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta le breis is €44m. Lean an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta dá fóirdheontas bliantúil le haghaidh seirbhísí paisinéirí, lastais agus aeir do na hoileáin chomh maith. Tá 24 conradh ann anois le freastal ar riachtanais éagsúla 20 oileán mara, rud atá chun leas phobail na n-oileán sin. Níor maoiníodh tionscadail mhór-scála nua ar bith mar gheall ar an leithdháileadh laghdaithe atá ar fáil le haghaidh oibreacha caipitil le blianta beaga anuas. Ach d'fhéadfaí roinnt tionscadal spriocdhírthe ar scála beag a mhaoiniú sna blianta amach romhainn.</p>
<p>Mar atá leagtha amach in <i>I dTreo 2016</i>, leanfar de rannpháirtíocht leanaí sna healaíona agus imeachtaí cultúrtha a spreagadh mar bhealach chun a gcaighdeán saoil a shaibhriú.</p>	<p>Leanann gach Institiúid Náisiúnta Chultúrtha de chláir oideachais agus for-rochtana a oibriú, agus tá cuid acu seo dírithe go speisialta ar leanaí. Anuas air sin, maidir leis an <b>gComhairle Ealaíon</b>, aithníonn Forbhreathnú Straitéiseach reatha 2011-2013 leanaí agus daoine óga mar dhream tábhachtach, agus tá réimse leathan clár agus tacaí i bhfeidhm le haghaidh gníomhaíochta ar scoil agus taobh amuigh den scoil dóibh. Leithdháileadh €2.7 milliún in 2011 d'eagraíochtaí ealaíon atá tiomanta go hiomlán agus go heisiach do leanaí agus daoine óga. Clár Náisiúnta Ealaíona na nÓg. Leithdháileadh €4.2m measta go hindíreach trí mhaoiniú a thabhairt do réimse leathan ionad, féilte, cláir údarais áitiúil agus eagraíochtaí ealaíon ar fud na tíre, dreamanna a chuireann seirbhísí ealaíon ar fáil do leanaí agus daoine óga ar scoil agus taobh amuigh den scoil, mar chuid de shainchúram níos leithne. Leithdháileadh €280,000 breise do thacaí a chuimsíonn forbairt ghairmiúil d'ealaíontóirí agus cleachtóirí a bhíonn ag obair, nó ar mian leo a bheith ag obair i réimse na n-ealaíon do leanaí agus daoine óg; agus tionscadail chomhoibríocha idir ealaíontóirí, leanaí agus daoine óga. Leithdháileadh ciste €170,000 ar thionscadail tríd an Scéim Ensemble Óg.</p>

<p>Déanfar forbairt bhreise ar sheirbhísí cúram sláinte príomhúil, agus leas á bhaint as an Straitéis Cúram Phríomhúil, trí infheistíocht leanúnach chun seirbhísí comhtháite agus inrochtana a chinntiú do dhaoine ina bpobail féin. Is é an sprioc ná 300 foireann cúram phríomhúil a chur ar fáil faoi 2008, 400 faoi 2009 agus 500 faoi 2011. Déanfar athbhreithniú ar na spriocanna seo in 2008.</p>	<p><b>Foirne Cúram Phríomhúil:</b> Tá an Rialtas tiomanta do chur i bhfeidhm na Straitéise Cúram Phríomhúil. Is é príomhchuspóir na Straitéise ná seirbhísí a fhorbairt sa phobal a thabharfaidh teacht díreach do dhaoine ar fhoirne comhtháite ildisciplíneacha dochtúirí ginearálta, altraí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair agus oibríthe sláinte eile. Cuirfear seirbhísí breise, amhail teiripe urlabhra agus teanga, chomh maith le seirbhísí diaitéiteacha agus cosliachta ar fáil trí líonra. Meastar go bhféadfaí freastal go cuí ar thuairim is 95% de riachtanais sláinte agus seirbhíse sóisialta daoine i suíomh cúram phríomhúil, agus cuireann Foirne Cúram Phríomhúil (FCP) go mór le feabhsú na seirbhísí sláinte atá bunaithe sa phobal sna ceantair seo. Tar éis d'ailíniú a bheith déanta ar limistéir de FSS agus cumasc foirne áirithe, tá 484 Foireann Cúram Phríomhúil a fhorbrófar faoi dheireadh 2013 aitheanta ag FSS. Ag deireadh Nollaig 2012, bhí 426 Foireann Cúram Phríomhúil ag oibriú .i. bhí cruinnithe foirne cliniciúla á dtionól acu ar chásanna cliant ar leith, agus seirbhísí á gcur ar fáil acu do 4 mhilliún de mhuintir na tíre nach mór. Bhí tuairim is 1,692 dochtúir agus breis is 2,636 duine gairmiúil leighis comhaontach de chuid FSS páirteach sna FCPanna seo.</p> <p><b>Ionaid Cúram Phríomhúil:</b> Pé áit ar féidir, bíonn foirne cúram phríomhúil bunaithe in áis amháin chun teacht éasca a chur ar fáil d'othair, agus chun obair foirne ildisciplíneach a fheabhsú. Ach bíonn foirne ag obair go han-éifeachtach chomh maith nuair nach mbíonn siad san áit chéanna. Cé nach bhfuil siad in aon fhoirgneamh amháin, tagann siad le chéile go fóill le haghaidh cruinnithe foirne cliniciúla. Soláthraíodh 31 Ionad nua Cúram Phríomhúil le blianta beaga anuas. Cuimsíonn siad seo 7 bhForbairt Chaipitiúil agus 24 Comhaontú Léasa Poiblí-Príobháideach. Anuas air sin, tá 5 Ionad Cúram Phríomhúil ann mar gheall ar bhonneagar atá ann cheana, nó athchóiriú ar áitreabh de chuid FSS atá ann cheana. Ciallaíonn sé seo go bhfuil iomlán 36 Ionad Cúram Phríomhúil ann. Ar 17 Iúil 2012, d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go mbeidh suas le €115 milliún ar fáil faoi Phacáiste Spreagtha Bonneagair an Rialtais do dhá bheartán ICPanna a chuirfear ar fáil trí chomhpháirtíocht phoiblí phríobháideach (CPP). Cuirfidh an tionscnamh CPP seo le, agus forbróidh sé na próisis atá i bhfeidhm ag FSS cheana ina clár caipitiúil. Tá 35 suíomh aitheanta le haghaidh ionaid cúram phríomhúil, agus beidh 20 ceann acu coimisiúnaithe faoi réir (a) comhaontú idir na dochtúirí áitiúla agus FSS ar rannpháirtíocht ghníomhach áitiúil na ndochtúirí agus (b) oiriúnacht agus an fháil atá ar shuíomhanna. Anuas air sin, tá soláthar sa Phlean Caipitil, 2012-2016, chun bonneagar cúram phríomhúil a chur ar fáil ag 8 suíomh breise, agus táthar ag súil leis go soláthróidh an tionscnamh léasa suas le 15 áis bhreise atá beartaithe a bheith críochnaithe nach mór faoi dheireadh 2013/tús 2014.</p>
<p>Déanfar forbairt bhreise ar sheirbhísí dochtúra iar-ama d'fhonn na seirbhísí sin a chur ar fáil do phobal na tíre go léir i rith chúrsa an Phlean seo..</p>	<p><b>Seirbhísí Dochtúra Iar-Ama</b> Tuairiscíonn FSS go bhfuil teacht ag 90% de phobal na tíre ar sheirbhísí dochtúra iar-ama i 14 ionad ar fud na tíre, i ngach aon réigiún de FSS, agus i gcuid de gach aon chontae ar a laghad, agus go raibh an tseirbhís seo ag déileáil le 931,305 glao in 2009, 924,000 glao in 2010 agus 949,703 glao in 2011. Cuireann breis is 2,000 dochtúir seirbhísí ar fáil sna comharchumainn. D'fhreastail duine ar ionad cóireála mar gheall ar thuairim is 60% de na teagmhálacha agus bhí cuairt bhaile mar thoradh ar 10% eile díobh. Ba ghnách go bhfreastalódh duine ar ionad cóireála tar éis triáis tosaigh ar an teileafón - tuairiscíonn FSS gur seachbheart maith é seo chun an t-ospidéal a sheachaint trí fhreastal ar Rannóg Éigeandála. Chuir FSS tuairim is €40 milliún de mhaoiniú ar fáil in 2012 le haghaidh táillí dochtúra iar-ama (comhairliúcháin cineáil speisialta agus táillí forlíontacha iar-ama). Ní chuimsíonn an figiúr seo costais uaireanta iar-ama dochtúra maidir le hionaid glaonna, tiománaithe, seirbhísí triáiseála altraí srl. Tosaíodh seirbhísí nua iar-ama dochtúra comharchumainn in Ospidéal Thamhlachta ar 1 Samhain 2011, rudaí a chuimsíonn ceantair Thamhlachta agus Chluain Dolcáin. Tá tuairim is 40 dochtúir sa chomharchumann. Rinne Athbhreithniú Náisiúnta FSS ar Sheirbhísí Dochtúra Iar-Ama, rud a foilsíodh in 2010, rinne sé 13 mholadh a bhí ceaptha leis an tSeirbhís a neartú agus a chaighdeánú ar fud na tíre, lena áiríodh na cinn seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Leathnófar an tseirbhís go codanna den tír nach bhfuil aon soláthar iar-ama iontu faoi láthair, amhail Dún Dealgan, Luimneach, Sligeach, Tulach Mhór agus Tamhlacht.</li> <li>- Cuirfear tabhairt isteach teimpléad caighdeánach comhaontaithe ar leibhéal seirbhíse náisiúnta i bhfeidhm ar chomharchumainn dochtúirí. Cinnteoidh cur i bhfeidhm an teimpléid comhaontaithe ar leibhéal seirbhíse náisiúnta go bhfuil slánaíocht reatha leighis, clárú reatha le Comhairle na nDochtúirí Leighis agus imréiteach ó Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ag an bhfoireann leighis go léir. Tá cur i bhfeidhm leanúnach moltaí an Athbhreithnithe san áireamh i bPlean Oibriúcháin FSS, 2013.</li> </ul> <p><b>Seirbhísí Dochtúra Iar-Ama Trasteorann</b> Maidir le tuairim is 65,000 duine ar fud cheantar na teorann, meastar go bhfuil an t-ionad dochtúra iar-ama is gaire dóibh sa dlínse eile. Tháinig tionscadal píolótach a ligeann d'othair i gcuid d'Inis Eoghain, Co. Dhún na nGall, freastal ar sheirbhís dochtúir iar-ama i nDoire, tháinig sé i bhfeidhm ar 10 Eanáir 2007. Tosaíodh tionscadal píolótach eile ar 26 Samhain 2007 a ligeann do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i nDeisceart Ard Mhacha seirbhís a fháil i mBaile na Lorgan, Co. Mhuineacháin. Ó tosaíodh é, go dtí 31 Nollaig 2012, tá seirbhís dochtúra iar-ama faighte ag 658 othar ó cheantar Inis Eoghain i nDún na nGall i nDoire, agus tá seirbhís dochtúra iar-ama faighte ag 1,994 othar ó Ard Mhacha Theas i mBaile na Lorgan, Co. Mhuineacháin. Tá monatóireacht á déanamh go leanúnach ag na húdaráis bhainteacha sláinte sa dá dhlínse ar ghlacadh na seirbhíse.</p>



<p>Cuireann Straitéis Náisiúnta Idirchultúrtha Sláinte FSS, 2007 - 2012, creat ar fáil ina bhfreastalaítear ar riachtanais sláinte agus chúraim daoine ó chultúir agus cúlraí eitneacha éagsúla, fad is a thacaítear leis an bhfoireann seirbhísi atá sofhreagrach agus inniúil go cultúrtha a sholáthar. Tá cur i bhfeidhm mholtaí na straitéise á dhéanamh de réir a chéile thar achar ama cúig bliana.</p>	<p>Treoraíonn agus comhordaíonn grúpa FSS um Rialachas Náisiúnta Idirchultúrtha Sláinte cur i bhfeidhm leanúnach mholtaí na Straitéise Idirchultúrtha Sláinte. Is é an cur chuige atá ann go fóill maidir le cur i bhfeidhm ná go bhforbraítear acmhainní le tacú leis an bhfoireann seirbhísi sofhreagracha a sholáthar, chomh maith le nascadh le comhpháirtithe eile ar fud na n-earnálacha chun sineirgí a chruthú le díriú ar na ceisteanna sin a aithníodh sa straitéis, agus ar cheisteanna éiritheacha chomh maith. Tá an chuma air go ndeachaigh an ghéarchéim eacnamaíoch i bhfeidhm go díreireach ar imircigh, agus tionchar gaolmhar i gceist ar fhadhbanna amhail easpa dídine. Seo sampla den ghá atá le forbairt nasc chun bearta cuí a cheapadh le dul i ngleic lena leithéid d'fhadhbanna. Príomhréimsí fócais / samplaí de dhul chun cinn ná: Aistriú leanúnach eolais a bhaineann le cúrsaí sláinte go teangacha aitheanta. Forbairt acmhainne darb ainm "Dul Amú san Aistriúchán: Treoirlínte Dea-Chleachtais d'fhoireann FSS i bpleanáil, bainistíocht agus cinntiú aistriúchán ar ardchaighdeán ar ábhar a bhaineann le cúrsaí sláinte go teangacha eile"  <a href="http://www.hse.ie/eng/services/Publications/services/SocialInclusion/lostintranlationreport.html">http://www.hse.ie/eng/services/Publications/services/SocialInclusion/lostintranlationreport.html</a>  <b>Monatóireacht ar Chothromaíocht Eitneach:</b> Tá cur i bhfeidhm Aitheantóra Eitnigh ar siúl de réir a chéile, agus oiliúint á tairiscint do sholáthraithe atá spreagtha le páirt a ghlacadh sa réimse seo.  <b>Clár Athlonnaithe Teifeach:</b> Glactar méid áirithe teaghlach isteach sa tír gach bliain trí chomhaontú Rialtais. Ina measc seo, tá líon beag daoine a bhfuil riachtanais mhóra leighis orthu. Leantar de thacú le heilimintí den phróiseas seo a bhaineann le sláinte faoi scáth na Straitéise Idirchultúrtha Sláinte. Ar an gcaoi chéanna, tá iarrachtaí déanta faoin Straitéis Idirchultúrtha Sláinte maidir le comhoibriú leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeachta ar mhaithe le díriú ar cheisteanna atá nasctha le riachtanais sláinte lucht iarrtha tearmainn sa chóras Soláthair Dhírigh. Tá sé mar thoradh ar an gcomhoibriú méadaithe seo go gcuirtear chuig fadhbanna ar bith a thagann chun cinn go forghníomhach.</p> <p><b>Ciorrú Ball Giniúna Baineann:</b> Tá iarrachtaí athnuaithe déanta sa réimse seo ó ritheadh reachtaíocht chun CBGB a chosc. Tacaíonn Oifig Náisiúnta FSS um Chuimsiú Sóisialta le Akidwa chun obair a dhéanamh le pobail le dul i ngleic le foréigean ar bhonn inscne; tá paimfléad seolta a chuireann an pobal ar an eolas faoi éifeachtaí CBGB, an reachtaíocht bhainteach, príomhtheagmhálaithe le haghaidh cúnamh is araile, fad is atá paimfléad breise á forbairt le cabhrú le soláthraithe seirbhíse amhail Oibríthe Sóisialta nó Múinteoirí maidir leis seo. Tá an acmhainn d'Oibríthe Gairmiúla Cúram Sláinte á nuashonrú faoi láthair agus í á cur i gcló arís, fad is atá CBGB san áireamh mar fhachtóir riosca anois i bhfoirm Mháithreachais nua atá le bheith úsáidte in ospidéal phoiblí.</p> <p><b>Léarscáiliú seirbhísi do dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitnigh:</b> Tá an tionscadal seo ar siúl agus is é is aidhm dó ná léargas cuimsitheach a fháil ar scála agus nádúr na seirbhísi do dhaoine ón gcóhort seo, in éineacht le haithint bearnaí sna seirbhísi. Cuirfidh na torthaí le pleanáil agus monatóireacht leanúnach ar riachtanais seirbhíse agus torthaí sláinte. Bhí sé mar thoradh ar dhul chun cinn maidir leis an Straitéis Sláinte Idirchultúrtha gur tugadh cuireadh d'Oifig Náisiúnta FSS um Chuimsiú Sóisialta páirt a ghlacadh i nGníomh IS1103 den Líonra CEET (Comhoibriú Eorpach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht). Bhí sé mar thoradh ar rannpháirtíocht sa chomhlacht seo le dhá bhliain anuas gur baineadh amach roinnt torthaí dearfacha maidir le roinnt torthaí taighde, cur i bhfeidhm na dtorthaí céanna agus feabhsú pleanála atá bunaithe ar fhianaise.</p>
<p>Ó foilsíodh an Staidéar Sláinte Uile-Oileánda in 2010, bhí meitheal bunaithe ag an gCoiste Comhairleach Sláinte don Lucht Siúil chun plean gníomhaíochta tosaíochta a dhéanadh. Chomh maith leis sin, tá grúpa rialachais bunaithe ag FSS a stiúrfaidh bearta a bheidh dírithe ar fhreastal ar thosaíochtaí aitheanta sláinte don lucht siúil ar bhealach comhordaithe agus comhtháite. Foilseofar Tuarascáil Leantach an Chohóirt Bhreithe i Meán Fómhair 2011.</p>	<p>Oibríonn Fóram Comhairleach Náisiúnta Sláinte FSS ar an Lucht Siúil i gcomhar leis an gCoiste Comhairleach Sláinte don Lucht Siúil chun iarrachtaí a dhéanamh sláinte an Lucht Siúil a fheabhsú. Cuimsíonn an coiste seo ionadaithe ó fhoireann FSS, Aonaid Sláinte don Lucht Siúil agus ón Lucht Siúil. Bunaíodh dhá Mheitheal - Cúram Príomhúil agus Ríochtaí Sláinte Ainsealacha - faoi raon an FCSLS, le téarmaí tagartha comhaontaithe agus gníomhartha gaolmhara aitheanta. Is príomhchuspóir den Mheitheal Cúraim Phríomhúil é feabhsú a dhéanamh ar an teacht ar chúram príomhúil, agus is fócas mór den ghrúpa ar Ríochtaí Sláinte Ainsealacha é forbairt clár oideachais struchtúrtha chun diaibéiteas Chineál 2 a chosc i measc daoine den Lucht Siúil.</p> <p>Bhí sé mar thoradh ar phráinn maidir le cumas torthaí a léiriú i leith infheistíochta gur díriodh aird nua ar forbairt gníomhartha a ligfeadh do thionchair intomhaiste a bheith léirithe. Déanfar leathnú breise ar na gníomhartha seo mar riachtanas de Phlean Náisiúnta Seirbhíse 2013 inarb ionann gníomh comhaontaithe amháin agus "forbairt plean mionsonraithe gníomhaíochta sláinte chun cur i bhfeidhm mholtaí an Staidéir Uile-Oileánda ar Shláinte an Lucht Siúil (SUOSLS) a chur i gcrích, le béim ar leith ar na réimsí tosaíochta sin a aithníodh amhail meabhairshláinte, féinmharú, sláinte na bhfear, andúil / alcól, foréigean baile, diaibéiteas agus sláinte chardashoithíoch. Ag an am céanna, tá iarracht mhór déanta chun maoiniú shláinte an Lucht Siúil a fhiosrú, agus tá tuiscint bonnlíne ar na méideanna seo comhaontaithe anois.</p> <p>Tá sláinte na Romach faoi choimirce sláinte daoine den Lucht Siúil. Bhí Cuimsiú Sóisialta Náisiúnta FSS in ann tacú le ceapadh Oibrí For-Rochtana do Romaigh, le nasc a dhéanamh leis an bpobal Romach agus a dteacht ar sheirbhísi sláinte a éascú. Tá seirbhís shoghluaiste tar éis a bheith bunaithe i dTamhlacht, rud a sholáthraíonn seirbhísi bunúsacha amhail imdhíonadh agus comhairliúcháin le dochtúirí do mhuintir an phobail seo. Bhí roinnt seimineár téamach ar siúl mar chomhpháirtíocht idir FSS agus Pavee Point chun gnéithe tosaíochta de shláinte na Romach agus ceisteanna gaolmhara buartha a scrúdú. Cruthaíodh tuarascáil darb ainm "Pobail Romacha in Éirinn agus Cúrsaí Cosanta Leanai" mar thoradh amháin ar sheimineár - tá an tuarascáil seo i gceangal leis seo. Tá comhaontaithe ag Stiúrthóir Náisiúnta FSS um Sheirbhísi Leanai agus Teaghlach moltaí bainteacha sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.</p>

<p>Seoladh an Straitéis Náisiúnta Drugaí, 2009-2016, i Meán Fómhair 2009 agus é mar chuspóir foriomlán straitéiseach ag an Straitéis leanúint de dhul i ngleic leis an dochar a dhéanann mí-úsáid drugaí do dhaoine agus don tsochaí trí dhírú comhbheartaithe ar chúig cholún, is iad sin, laghdú soláthair, cosc, cóireáil, athshlánú agus taighde.</p>	<p>Leagann Tuarascáil na Meithle ar Athshlánú Drugaí, rud a foilsíodh in 2007, leagann sí amach creat le haghaidh cur chuige ilghnéitheach maidir le soláthar an athshlánaithe. Tá an Coiste Feidhmithe um Athshlánú Náisiúnta Drugaí (CFAND), rud a bhfuil FSS mar chathaoirleach air, tá sé ag obair chun Creat Náisiúnta Athshlánaithe a bhí formheasta ag cruinniú den Fhóram Maoirseachta ar Dhruaí in Aibreán 2010 agus a bhí foilsithe in Iúil 2010, tá sé ag obair chun an Creat sin a chur i bhfeidhm. Tá sé seo á dhéanamh de réir a chéile ag 10 suíomh phíolótacha ar fud na tíre. Tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ar dhul chun cinn na dtionscadal píolótach d'fhonn cur i bhfeidhm níos leithne a dhéanamh. Ar bhonn níos leithne, tá dul chun cinn mór á dhéanamh le soláthar cóireála agus athshlánaithe andúiligh drugaí. Tá cóireáil malartaíochta ópóidí ar fáil ar bhonn níos leithne agus tá laghdú mór déanta ar na liostaí feithimh. Tá tuilleadh leapacha díthocsainiúcháin ar fáil, chomh maith le spásanna breise i gclár athshlánaithe go ginearálta, agus fócas méadaithe ar dhíthocsainiú pobail i gceist. Cuirtear leis an obair seo trí athfhócasú clár chun dul chun cinn cliant a chothú (agus é éascaithe ag pleananna cúraim aonair a dtacaítear leo le hobair idirghníomhaireachta) agus soláthar méadaithe iarchúraim chomh maith, le cabhrú tuilleadh le cliant de réir mar a athraíonn siad i dtreo stíl bheatha atá saor ó dhruaí sa chás gur féidir an méid sin a bhaint amach.</p>
<p>Cuimsíonn an tuarascáil ar dhul chun cinn na Straitéise Náisiúnta Drugaí, 2009 - 2016, caiteachas agus staidreamh maidir le líon na n-urghabhálacha drugaí, líon na mí-úsáideoirí codlaidíneach, teacht ar chóireáil, malartú snáthaidí agus taighde a rinneadh ó rinneadh an tuarascáil dheireanach.</p>	<p>Bíonn sonraí faoin gcaiteachas a dhéanann Ranna agus gníomhaireachtaí bailithe ag an Aonad Polasaí Drugaí go bliantúil, agus b'ionann caiteachas tras-rannach a bhain le Cláir Drugaí agus tuairim is €250m in 2011 agus €245m in 2012. Tá tuarascáil bhliantúil ullmhaithe ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm an 63 gníomh sa Straitéis Náisiúnta Drugaí, 2009-2016 (SND). Tá tuarascáil 2011 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Sláinte (RS) agus tá tuarascáil 2012 á cur le chéile faoi láthair. Tá cóireáil drugaí á déanamh ar bhreis is 12,500 duine san iomlán. Tá cóireáil chothabhála meatadóin á dhéanamh ar bhreis is 9,300 acu. Tá tuairim is 14,500 úsáideoirí codlaidíneach in Éirinn de réir mar is eol dúinn. Soláthraítear seirbhísí láidre malartaithe snáthaidí i mBaile Átha Cliath trí chlinicí FSS agus soláthraithe earnála deonaí. Tá seirbhísí malartaithe snáthaidí taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath á leathnú trí shiopaí poitigéara, agus tá a leithéid de sheirbhísí á soláthar ag tuairim is 50 siopa poitigéara faoi láthair. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú ar líon na siopaí poitigéara a ghlacfaidh páirt ann go mór sa bhliain amach romhainn, le béim ar cheantair ghátair ar leith. Foilsíodh an Suirbhé Náisiúnta ar Leitheadúlacht Drugaí 2010/2011 i Samhain 2011, agus seo a leanas cuid de na príomhthorthaí: (i) bhí leibhéal úsáide drugaí na bliana roimhe sin cobhsaí idir 2006/7 agus 2010/11; (ii) bhí cannabis ar an druga mídhleathach ba choitianta úsáid, rud a raibh 25% de na daoine fásta sa daonra tar éis úsáid a bhaint as uair éigin; (iii) is mó an líon fear ná an líon ban a chaitheann drugaí mídhleathacha, agus níl an chuma air go bhfuil laghdú ag teacht ar an mbearna inscne ó rinneadh an suirbhé deireanach. D'fhoilsigh FSS Straitéis Náisiúnta ar Heipitíteas C ar 4 Meán Fómhair 2012. Aithnítear Heipitíteas C anois mar fhadhb mhór sláinte poiblí ar fud an domhain agus measann an EDS (WHO) go bhfuil breis is 170 milliún duine ar fud an domhain atá ionfhabhtaithe go hainsealach aige. Measann Ionad Faireachais Cosanta Sláinte (IFCS) FSS go bhfuil 20,000 – 50,000 duine ar a laghad in Éirinn atá ionfhabhtaithe go hainsealach faoi láthair le víreas Heipitíteas C; is ionann seo agus leitheadúlacht daonra idir 0.5% agus 1.2%, céatadán atá cosúil le tíortha eile i dTuaisceart na hEorpa. Is ionann móramh ag ghrúpa seo agus úsáideoirí drugaí a bhíonn á n-instealladh. Is maith an seans go dtiocfaidh ciorróis ar líon suas le 20% de na húsáideoirí seirbhíse a bhfuil Heipitíteas C orthu i rith tréimhse 20-25 bliain, agus d'fhéadfadh teip ae agus carcánóma heipiticeallach teacht ar chuid mhaith eile acu.</p> <p>Tá impleachtaí soiléire ag baint leis seo maidir le faireachas, cóireáil agus costais ghaolmhara chúraim agus tacaíochta. Tá cóireáil thar a bheith éifeachtach ar fáil anois le haghaidh Heipitíteas C, rud a dhíothaíonn an víreas i mbreis is 50% de na cásanna. Tá 36 moladh sa Straitéis ar fud colúin faireachais; cosc; scagthástáil; agus cóireáil, agus tá sí á comhordú ag Aonad FSS um Chuimsiú Sóisialta, rud atá freagrach as Seirbhísí Andúile in Éirinn chomh maith. Tar éis don dréacht-straitéis seo a bheith formheasta, táthar ag súil leis go mbunófar grúpa faoi choimirce an Ghrúpa Náisiúnta Chomhairligh Rialachais ar Andúil (GNCR) de chuid FSS chun Plean Feidhmithe a fhorbairt agus moltaí a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis seo.</p>
<p>Teacht ar sheirbhísí leabharlainne do phobail tuaithe agus uirbeacha atá scoite amach, chomh maith le forbairt seirbhísí le freastal ar riachtanais sochaí ilchultúrtha.</p>	<p>Leanann leabharlanna poiblí de bheith mar sheirbhís d'ionaid tuaithe agus uirbeacha trí 30 leabharlann shoghluaiste agus líonra 348 leabharlann bhraínse. Cuireadh seirbhísí tagartha agus staidéir áitiúil ar fáil ar líne ar fud na tíre, agus is féidir teacht ar na seirbhísí seo le nasc idirlín ar bith ag am ar bith. I gcomhréir le torthaí na tuarascála ar sheirbhísí ilchultúrtha, cuireadh seirbhísí príomhshrutha chun cinn do gach cuid den phobal, agus leabhair agus nuachtáin teangacha ar leith curtha ar fáil nuair a aithníodh líon mór daoine den chultúr sin sa phróifíl phobail, agus cuireadh na hábhair ilteangacha seo ar fáil do gach úsáideoir leabharlainne trí via <a href="http://www.borrowbooks.ie">www.borrowbooks.ie</a></p>
<p>Iarrfaidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar údarás áitiúla suirbhé a dhéanamh ar stoc tithíochta na n-údarás áitiúil, rud a chabhróidh le húdarás tithíochta a chur ar an eolas faoi bhail fhisiceach an stoic, agus bonn a chur ar fáil le haghaidh cláir oibreacha feabhsúcháin amach anseo. Leanfar den chlár athnuachana i roinnt ceantar, idir cheantair uirbeacha mhórscála agus eastáit atá níos lú, i gcuid de na bailte réigiúnacha ar fud na tíre.</p>	<p>Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil suirbhé tosaigh ar stoc tithíochta na n-údarás áitiúil in 2011. Tarlóidh Céim 2 den suirbhé ina dhiaidh sin in 2013, agus tá sé beartaithe treoir a eisiúint d'údarás áitiúla maidir le bainistíocht an stoic chomh luath is a bheidh Céim 2 críochnaithe. Comhaontófar straitéis chun feabhsú an stoic a mhaoiniú ansin. Ó thaobh na hathnuachana de, chaith an Roinn €117m in 2011 ar thionscadail mhóra athnuachana i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Port Láirge, Buirg Shligigh, Dún Dealgan agus Trá Lí. Beidh eolas ar an aschur in 2012 ar fáil in am trátha.</p>
<p>Déanfar socruithe trí na húdarás áitiúla chun talamh agus aonaid bhreise a chur ar fáil don earnáil dheonach agus chomhoibríoch ar mhaithe le freastal ar riachtanais aitheanta tithíochta/cóiríochta. Beidh aonaid agus suíomhanna ar leor iad chun tuairim is 3,000 áit chónaithe a chur ar fáil aitheanta faoi 2009.</p>	<p>Cuireadh tuairim is 745 aonad cóiríochta ar fáil in 2011 faoi na Scéimeanna Maoiniúcháin Chaipitiúil. Níl sonraí an ionchuir dheiridh in 2012 ar fáil go fóill. Ós rud é go bhfuil líon mór aonad tógtha ar an margadh, tá faighte amach go bhfuil luach níos fearr ar airgead i gceist le maoiní oiriúnacha a fháil seachas talamh a fháil agus aonaid nua a thógáil. Ach ní féidir seo a dhéanamh i gcónaí mar gheall ar riachtanais speisialta na catagóire tionóntaí atá á héascú, agus seans go mbeidh gá le háiteanna cónaithe atá deartha go hoiriúnach a thógáil le freastal ar riachtanais ar leith.</p>

<p>Foilseofar straitéis athmheasta rialtais ar dhaoine gan dídean i rith 2007.</p>	<p>Tugadh isteach an córas tarmilgthe atá bunaithe ar leithdháileadh le haghaidh soláthar maoiniúcháin d'údarás tithíochta le dul i ngleic le heaspa dídine, rud a bhí beartaithe faoin <b>bPlean Náisiúnta Feidhmíthe le haghaidh na Straitéise Easpa Dídine</b>, tugadh isteach é le haghaidh Réigiún Bhaile Átha Cliath ó Eanáir 2012, agus tá cur i bhfeidhm náisiúnta ina dhiaidh sin ar siúl go leanúnach. Tá gealltanais i gClár nua an Rialtais ó 2011 go ndéanfar athbhreithniú ar an straitéis easpa dídine, <b>An Bealach Abhaile</b>, agus go gcuirfear cur chuige atá dírithe ag tithíocht i bhfeidhm maidir le heaspa dídine. D'fhormhuinigh taighde a bhí coimisiúnaithe mar chuid den athbhreithniú príonsabail <b>An Bealach Abhaile</b> go láidir. Chuir an taighde seo chomh maith le forbairt <b>Ráiteas nua Polasaí ar Easpa Dídine</b>, rud a tionscnaíodh in 2012 agus a eiseofar go luath in 2013.</p>
<p>Cuirfear maoiniú ar fáil d'údarás áitiúla le tacú le cur i bhfeidhm a dtríú Clár Cóiríochta don Lucht Siúil, le haghaidh na tréimhse 2009 - 2013.</p>	<p>Cuireadh cóiríocht ar fáil i rith na dtríú Clár Cóiríochta don Lucht Siúil, 2009 – 2013, do thuairim is 350 teaghlach in 2011. Cuireadh cóiríocht ar fáil i rith na dtríú Clár Cóiríochta don Lucht Siúil, 2009 – 2013, do 370 teaghlach in 2011. Cuireadh cóiríocht ar fáil do 264 teaghlach in 2012.</p>
<p>Leanfar d'infheistíocht a dhéanamh le tacú le gníomhaíocht saorálaíochta i rith na tréimhse ó 2007-2016. Cuid lárnach den chur chuige seo ná ról cuiditheach na gníomhaíochta deonaí i bhfeabhsú cháilíocht an tsaoil i bpobail áitiúla. Tá €5 mhiliún breise á chur ar fáil in aghaidh na bliana le tacú le saorálaíocht faoi 'I dTreo 2016'. Cuirfear tuilleadh le polasaithe agus scéimeanna sa réimse seo le torthaí an Tascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach.</p>	<p>Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag díriú go príomha ar Ionaid Saorálaíochta maidir le Saorálaíocht. Chuir an Roinn maoiniú €591,750 ar fáil do Thionscnaimh Saorálaíochta eile in 2011. Bhí maoiniú €477,040 i gceist in 2012. Cuireadh maoiniú ar fáil do Focus Ireland, Boardmatch, First Step, Nuálaithe Óga Sóisialta agus Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann.</p>
<p>Mhol tuarascáil an Tascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach go maoiníodh an Roinn Iónra ionad d'oibrithe deonacha ar fud na tíre. Tá breithniú á dhéanamh ag an Roinn agus ag comhlacht ionadaíochta na hearnála, Obair Dheonach Éireann, faoi láthair ar mheicníocht mhaoiniúcháin na nIonad Saorálaíochta ar leith amach anseo.</p>	<p>Leithdháileadh maoiniú €3.13 milliún don 22 Ionad Saorálaíochta in 2011, agus leithdháileadh €3.09 milliún breise in 2012. Cónascadh dhá chomhlacht ionadaíochta sa réimse seo i rith na tréimhse seo, rud a chruthaigh éifeachtúlacht níos mó.</p>
<p>Tar éis do dheireadh teacht le Bord na gCuntas Díomhain faoin Acht um Chuntais Dhíomhain (Leasú), 2012, tá feidhmeanna Bhord na gCuntas Díomhain curtha faoi chúram na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Forbrófar nósanna imeachta nua chun na feidhmeanna seo agus an réimse go ginearálta a bhainistiú. Leanann an Roinn de theagmháil a dhéanamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhealaí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla chun maoiniú a scaoileadh le haghaidh bearta CD ón gCiste le haghaidh na Ranna Rialtais bainteacha go léir, ós rud é go bhfuil laghdú ar bhuiséid ar fud gach Roinn Rialtais le haghaidh bearta CD.</p>	<p>Ó bunaíodh é in Aibreán 2003 go dtí deireadh Shamhain 2013, b'ionann an t-aistriú go dtí Ciste na gCuntas Díomhain agus tuairim is €671.24m, méid a chuimsíonn ús a tuilleadh a bhfuil tuairim is €37.4m i gceist leis. B'ionann na cistí a bhí aisghafa ag sealbhóirí cuntais sa tréimhse sin agus tuairim is €246.3m. Ba é glanluach Chiste na gCuntas Díomhain (cistí nach bhfuil geallta) ná €97.7m. Bhí €440,000 ceadaithe i rith 2012 do na 5 Bhaile Nua um Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt (ACPIF/RAPID), agus tá breis is 90% den mhaoiniú tarraingthe anuas faoi seo, agus tá tionscadail á gcur i bhfeidhm ag roinnt pobal i gceantair ACPIF.</p>
<p>Cuirfidh CLÁR tuairim is €141 milliún ar fáil i rith na tréimhse 2007-2013 le haghaidh athnuachan ceantar atá thíos le laghdú daonra. Tacóidh an infheistíocht leis an mbonneagar fisiceach, eacnamaíoch agus sóisialta ar fud réimse leathan beart, amhail soláthar uisce, diúscairt séarachais, teacht ar bhóithre agus leathanbhanda, rudaí a bhaineann leis na tosaíochtaí a bhí aitheanta ag na pobail. Is é an líon daoine a bhaineann tairbhe as an gclár faoi láthair ná 727,000. Ar na spriocanna atá ann, tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• méadú 100% a dhéanamh ar líon na scéimeanna príomhlíonra, grúpscéimeanna uisce agus scéimeanna séarachais a bhaineann leas as maoiniú CLÁR faoi 2008;</li> <li>• soláthar soilse gealánacha do gach scoil náisiúnta i gceantair CLÁR faoi 2008.</li> </ul>	<p>Bhí fócas CLÁR in 2011/2012 ar chomhlíonadh na ngealltanais atá fágtha, go háirithe sa bheart breisithe caipitil le haghaidh Spóirt. Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag obair go leanúnach leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun na gealltanais seo a chur i gcrích. Leithdháileadh maoiniú €0.348m in 2011. Cuireadh €0.3m ar fáil don chlár in 2012 le freastal ar ghealltanais a bhí ann cheana i rith na bliana. Tá tuairim is 60 tionscadal ar siúl faoi láthair.</p>
<p>Déanfar €426 milliún a infheistiú sa tréimhse 2007-2013 tríd an gClár Forbartha Tuaithe chun éagsúlú i ngeilleagar na tuaithe a chur chun cinn, le bearta atá dírithe ar: Éagsúlú i ngníomhaíochtaí nach mbaineann le talmhaíocht; Cruthú agus forbairt ghnó; Gníomhaíochtaí turasóireachta a spreagadh; Seirbhísí bunúsacha don gheilleagar agus muintir na tuaithe; Athnuachan agus forbairt sráidbhailte; Caomhnú agus uasghrádú oidhreacht na tuaithe; oiliúint agus eolas do ghníomhaithe eacnamaíocha. Beidh spriocanna ar leith i gClár Forbartha Tuaithe 2007-2013 nuair a bheidh bailchríoch curtha air.</p>	<p>Tá caiteachas faoi na gnéithe cáilíochta saoil/LEADER den Chlár Forbartha Tuaithe (CFT) ar siúl go leanúnach ó thús 2009. Tá beagnach €327 milliún de ghníomhaíocht thairbhíochtaí tionscadail faoi láthair, agus bhí €165 milliún caite faoi dheireadh 2012, chomh maith le breis is €40 milliún de ghealltanais dhaingne tionscadail is gá a íoc go fóill. Tá gnéithe LEADER den CFT uathúil sa chaoi go gcuirtear an tacaíocht ar fáil trí mhodheolaíocht rannpháirteach phobail atá ina modh cuimsitheach forbartha ann féin. Is é is aidhm do na bearta cáilíochta saoil sa PFT ná deiseanna forbartha a chur ar fáil do phobail tuaithe ar mhaithe le cáilíocht an tsaoil i gceantair tuaithe a fheabhsú, chomh maith le héagsúlú gheilleagar na tuaithe a chur chun cinn. Agus obair ar siúl chun na haidhmeanna seo a bhaint amach, díriú ar tacaíocht ar chuimsiú agus comhtháthú sóisialta go díreach agus go hindíreach, agus í ag soláthar réimse ilghnéitheach tacaí amhail oiliúint, forbairt acmhainne agus tacaíocht do smaointe gnó agus forbairt réimse ilghnéitheach samhla fiontraíochta. Leanann an clár de thacaíocht a chur ar fáil chomh maith do phobail chun bonneagar pobail a fhorbairt, rud a chuirfidh comhtháthú sóisialta agus spiorad pobail chun cinn ar fud na hÉireann. Éascaíonn na tacaí a chuireann an CFT ar fáil pobail tuaithe atá níos láidre agus níos athléimní, leis na hacmhainní a bhfuil gá leo chun geilleagar beoga tuaithe a choinneáil a bheadh in ann tacú le rannpháirtíocht mhuintir uile an phobail. Sa chomhthéacs seo, cuireann an Clár acmhainní ar fáil do phobail na tuaithe le dul i ngleic le príomhdhúshláin an eisiata shóisialta.</p>

<p>Thug an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Clár Forbartha Áitiúil agus Pobail (CFÁP) isteach in Eanáir 2010. Tá ceithre sprioc ardleibhéil mar bhonn taca leis an CFÁP:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Feasacht, eolas agus glacadh réimse leathan seirbhísí reachtúla, deonacha agus pobail a chur chun cinn;</li> <li>• An teacht ar ghníomhaíochtaí agus acmhainní oideachais, caithimh aimsire agus forbartha cultúrtha a mhéadú, idir fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil;</li> <li>• Ullmhacht oibre agus ionchais fostaíochta daoine a fheabhsú;</li> <li>• Teagmháil leis na próisis pholasaí, chleachtais agus chinnteoireachta ar nithe a théann i bhfeidhm ar phobail áitiúla a chur chun cinn. Bíonn sé curtha ar fáil go háitiúil ag tuairim is 50 Cuideachta Forbartha Áitiúil.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Chuaigh an Clár Forbartha Áitiúil agus Pobail (CFÁP) in áit an Chláir um Fhorbairt Áitiúil agus Cuimsiú Sóisialta agus an Chláir Forbartha Pobail in Eanáir 2011.</li> <li>• Cuireann an clár seo maoiniú i bhliantúil ar fáil do Chuideachtaí Forbartha Áitiúla agus do líon beag comhlachtaí malartacha forbartha áitiúla chun an CFÁP a chur i bhfeidhm.</li> <li>• Is é is aidhm don CFÁP ná dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta trí chomhpháirtíocht agus teagmháil chuiditheach idir an Rialtas agus a ghníomhaireachtaí agus daoine i bpobail faoi mhíbhuntáiste.</li> <li>• Infheistíodh €67.454m, €62.444m agus €53.682m sa chlár in 2010, 2011 agus 2012. Leithdháileadh €48.707m don Chlár in 2013.</li> <li>• D'éirigh go han-mhaith leis an gclár in ainneoin laghdú ar mhaoiniú an chláir agus éilimh na straitéise imeasctha.</li> <li>• Tugann sonraí 2012 le fios go ndearna teagmháil le 47,792 duine trí idirghabháil CFÁP 'aghaidh ar aghaidh', seirbhísí a chuimsigh seirbhísí for-rochtana agus gníomhartha dáileacháin chomh maith, nuair a díriodh daoine i dtreo seirbhísí agus gníomhaíochtaí eile.</li> <li>• Léiríonn sonraí 2012 go bhfuil beagán de bhreis ar 17,000 tairbhí ag gabháil d'oideachas, breis is 16,500 rannpháirtí ag glacadh páirte in oiliúint margadh oibre agus breis is 7,000 ag fáil tacaíocht fostaíochta (5,684 ag gabháil d'fhéinhostaíocht san áireamh).</li> </ul>
<p>Cuirfear beagnach €67 milliún ar fáil trí Chiste Giarála an Chláir ACPIF idir 2007 agus 2013 chun infheistíocht ag ranna agus gníomhaireachtaí i 46 ceantar sainithe ACPIF a chómhaoiniú. Cabhróidh an maoiniú seo le tacú le tionscadail agus tionscnaimh nua, amhail clóis súgartha agus TCI (CCTV) atá bunaithe sa phobal, agus iad dírithe ar cháilíocht saoil agus sábháilteacht an phobail a fheabhsú do chónaitheoirí na gceantar ACPIF.</p>	<p>Tá deireadh curtha le scéimeanna giarála ACPIF agus níl ach na gealltanais chonartha atá déanta ag an Roinn cheana á n-íoc aici. Ba é buiséad iomlán an chláir ACPIF ná €1.56m in 2011 agus €3.1m in 2012.</p>
<p>Cuireann an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (SBCA/MABS), rud atá maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, cuireann sí seirbhís atá neamhspleách, saor in aisce agus faoi rún ar fáil do theaghlach ar bheagán ioncaim a bhfuil fiacha orthu nó atá i mbaol dul i bhfiacha go príomha. Oibrítear Ciste Rátháíochta lasachta chomh maith chun iasachtaí 'géarchéime' a chur ar fáil mar mhalairt ar iasachtóirí airgid. Aistríodh an fhreagracht as an SBCA (MABS) gan uaim go dtí an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS) in Iúil 2009.</p>	<p>D'fhoilsigh an Grúpa Idir-Rannach ar Riaráistí Morgáistí a thuarascáil in 2011. I bhfianaise a mholtaí siúd, tá comhordú déanta ag an nGrúpa Stiúrtha um Riaráistí Morgáistí atá á stiúradh ag an Roinn Airgeadais ar fhreagra ar fud an rialtais ar an bhfadhb seo. Ar na bearta atá déanta, bunaíodh seirbhís eolais agus chomhairle ar riaráistí morgáistí le cabhrú le daoine a bhfuil riaráistí morgáistí acu. Cuimsíonn an tseirbhís seo soláthar eolais agus comhairle ar riaráistí morgáistí trí <a href="http://www.keepingyourhome.ie">www.keepingyourhome.ie</a>, an líne chabhrach eolais ar riaráistí morgáistí agus an fháil atá ar chomhairle neamhspleách airgeadais do dhaoine a bhfuil moltaí athstruchtúraithe fadtéarmacha á dtairiscint dóibh ag na bainc. Éireoidh an tseirbhís eolais agus chomhairle ar riaráistí morgáistí níos tábhachtaí de réir mar a chuireann na bainc a roghanna fadtéarmacha staonta i bhfeidhm agus de réir mar a chuirtear tús leis an tSeirbhís Dócmhainneachta Pearsanta. Tá feachtas eolais ar siúl chun feasacht a chur chun cinn agus chun tuiscint a chruthú ar an tseirbhís (deireadh mhí an Mhárta 2013). Déanann an tSeirbhís nua Dócmhainneachta Pearsanta soláthar le haghaidh Fógra Faoiseamh Fiach (FFF) do dhaoine nach bhfuil sócmhainní ná ioncam acu agus a bhfuil fiacha neamhurráithe nach mó ná €20,000 orthu. Agus cúnamh á fháil ó idirghabhálaí formheasta, ceadóidh an Fógra díscríobh iomlán na bhfiach cáilitheach neamhurráithe tar éis tréimhse mhaoirseachta trí bliana. Beidh an tSeirbhís Idirghabhálaithe Formheasta curtha ar fáil ag comhairleoirí oilte airgid ón SBCA agus tacófar léi le Líne Chabhrach an SBCA. Tá an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an SBCA ag obair go dlúth leis an tSeirbhís nua Dócmhainneachta le cinntiú go mbeidh an tSeirbhís Fhormheasta Idirghabhála á hoibriú in am do bhunú na Seirbhíse Dócmhainneachta.</p>
<p>Is é cuspóir an Chláir Seirbhísí Pobail ná tacú le gníomhaíocht pobal áitiúil le dul i ngleic le míbhuntáiste, fad is a sholáthraítear deiseanna fostaíochta do dhaoine a bhaineann leis na spriocghrúpaí tosaíochta seo a leanas: daoine faoi mhíchumas; daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach; an lucht siúil; tuismitheoirí aonair agus andúillithe drugaí atá cobhsaithe. Rinneadh athbhreithniú ar thuairim is 315 sealbhóir conartha in 2010, agus tairgeadh conarthaí nua trí bliana go dtí deireadh 2013 dóibh siúd a lean de chomhlíonadh riachtanais an chláir.</p>	<p>Bhí líon meánach 425 eagraíocht ag fáil airgid ón CSP i rith 2011 agus 2012. Agus cor eacnamaíoch chun donais ann faoi láthair, níor cuireadh acmhainní breise ar fáil le freastal ar chuspóirí leathnaithe an Chláir. Is é an tosaíocht atá ann faoi láthair ná na sealbhóirí conartha atá ann faoi láthair a choinneáil agus a fhorbairt. Is é an caiteachas meánach bliantúil ná tuairim is €46 milliún agus tuairim is 2,800 duine tacaíthe ina bpoist.</p>
<p>Leanfar d'athbhreithniú a dhéanamh ar an scóip le haghaidh forbairt bhreise ar thacaí ioncaim do chúramóirí. Is é an aidhm a bheidh ann go háirithe ná go mbeidh leibhéal neamhaird an Liúntais Cúramóra i gcomhréir leis an tuilleamh comhlán meánach tionsclaíoch, ionas go bhféadfadh daoine a fhaigheann an pá meánach tionsclaíoch leanúint de cháiliú le haghaidh na hÍocaíochta.</p>	<p>Coinníodh neamhaird ioncaim agus an Deontas Cúram Faoisimh mar a bhí siad in 2011 agus 2012.</p>
<p>Beidh cruinniú bliantúil comhairliúcháin d'eagraíochtaí ionadaíochta cúramóirí agus de ranna agus gníomhaireachtaí bainteacha ar siúl ar mhaithe le cur le polasaí sa réimse seo amach anseo.</p>	<p>Tionóladh cruinnithe comhairleacha bliantúla in 2011 agus 2012.</p>
<p>Ó 2007, beidh faighteoirí áirithe leasa shóisialaigh a chuireann cúram agus aire lánaimseartha ar fáil in ann a bpríomhíocaíocht leasa shóisialaigh a choinneáil, chomh maith le hÍocaíocht a fháil atá ar chomhluach le Liúntas Cúramóra ar leathráta.</p>	<p>Bhí Liúntas Cúramóra ar leathráta i mBuiséad 2011 agus Buiséad 2012 go fóill.</p>
<p>Déanfaidh na ranna agus na gníomhaireachtaí bainteacha scóip forbartha cúrsaí oiliúna do chúramóirí a athbhreithniú i rith 2007 agus 2008.</p>	<p>Tháinig deireadh le cúrsaí oiliúna faoi mhaoiniú na gCuntas Díomhaoin go bunúsach in 2012, agus is gá bailchríoch a chur ar nithe buiséadacha áirithe in 2013.</p>

<p>Rinneadh rud buan den Tionscnamh Iompar Tuaithe (TIT) tar éis do dheireadh teacht leis an tréimhse phiolótach in 2006. Tá maoiniú €9 milliún á chur ar fáil in 2007 chun aistriú an TIT go tús an phróisis phríomhshruthaithe a éascú. Méadófar an maoiniú do sheirbhísí iompar tuaithe go rianúil ina dhiaidh sin; go leibhéal airgid thirim de thuairim is €18 milliún ar deireadh. Déanfar tosaíocht de cheantair sa tír nach bhfuil teacht ar sheirbhísí iompair phoiblí iontu faoi láthair.</p>	<p>Leag cinneadh an Rialtais ar 26 Eanáir 2012 an fhreagracht náisiúnta a chur i bhfeidhm an phlean iompar áitiúil agus tuaithe a chomhtháthú, lena n-áirítear an Clár Iompar Tuaithe (CIT), leag sé an fhreagracht seo ar an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI). Tá glactha ag an ÚNI leis an ról nua seo ó 1 Aibreán 2012. Cumasóidh an ról nua seo don ÚNI agus an sainordú náisiúnta reatha atá aige soláthar seirbhísí iompair phoiblí a bhaint amach, cumasóidh sé forbairt nasc níos fearr idir seirbhísí iompair áitiúla agus tuaithe agus seirbhísí sceidealta bus agus traenach. Maoiníodh cúig ghrúpa iompar pobail is tríocha faoin tuath faoin gClár Iompar Tuaithe in 2011 agus 2012, le dul i ngleic le heisiamh sóisialta ina gceantair tuaithe mar thoradh ar riachtanais iompair phoiblí nár freastalaíodh dóibh. Cuireadh €10.62m ar fáil in 2011 agus €9.77m in 2012. Taifeadadh breis is 1.74 milliún turas paisinéara i rith 2011 ar bhreis is 203,000 seirbhís iompair a bhí maoinithe faoin gClár Iompar Tuaithe, agus b'ionann seo agus méadú 22% agus 18% faoi seach i gcomparáid le 2010. Tá €9.133m á chur ar fáil don CIT in 2013. Tá moltaí an iniúchta um luach ar airgead á gcur i bhfeidhm ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ag an ÚNI.</p>
<p>Tá buiséad Chomhairle Spóirt na hÉireann (CSÉ) le haghaidh 2007 tar éis méadú 20% go €49 milliún do chlár agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear tionscnaimh i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Is é sprioc 2006-2008 ná méadú 3% a dhéanamh ar líon na leanaí a ghlacann páirt sa spóirt agus méadú 1.5% a dhéanamh ar líon na ndaoine fásta. Cuimseoidh sé seo: cur i bhfeidhm iomlán náisiúnta líonra na Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt (CÁS) faoi thús 2008; cur i bhfeidhm gaolmhar chlár 'Buntús' do bhunscoileanna agus naíonraí trí líonra an CÁS; tabhairt isteach na samhla RFSGC (Rannpháirtíocht Fadsaoil sa Spóirt agus Gníomhaíocht Choirp) atá dírithe ar leanaí le haghaidh rannpháirtíocht fadsaoil sa spóirt in Éirinn; agus tacaíocht d'eagraíochtaí náisiúnta spóirt a gcuireann daoine óga suim iontu, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Bunaíodh tionscnamh nua, is é sin, Gradaim Náisiúnta d'Oibríthe Deonacha sa Spóirt in Éirinn. Bronnfar na chéad ghradaim in 2007.</p>	<p>Laghdaíodh buiséad foriomlán na Comhairle go €46.837 milliún in 2011 agus €44.495 milliún in 2012. Leanann an Chomhairle de thacú leis an líonra CÁS agus leis an gclár Míchumais um Chuimsiú Spóirt. Tá 16 Oifigeach Forbartha um Chuimsiú sa Spóirt (OFCSanna) fostaithe faoi láthair trí mhaoiniú ón gComhairle. Tá pobail faoi mhíchumas agus faoi mhíbhuntáiste mar ghnéithe dá bpleananna oibre ag an 31 CÁS go léir. Tá an líonra CÁS ag leanúint de theagmháil a dhéanamh leis na tionscadail Chríochnaithe Scoileanna ar fud na tíre. Tá an Chomhairle ag leanúint chomh maith de mhaoiniú na dtrí phríomhchluiche páirce. Mar thoradh ar laghdú ar bhuiséad foriomlán CSÉ, tá laghdú déanta ar leibhéal mhaoiniúcháin na gclár éagsúil le blianta beaga anuas.</p>



**ISBN: 978-1-908109-23-1**

**Published by the Social Inclusion Division, Department of Social Protection Gandon House, Floor 1, Amiens Street, Dublin 1**